Ráiteas Misin

Beimid inár n-údarás áitiúil freagrach agus nuálaíoch, beidh ról lárnach againn i bhfeabhsú cháilíocht na beatha i gCorcaigh, agus beimid ar thús cadhnaíochta agus sinn ag freastal ar riachtanais ár bpobail.

Mission Statement

We will be a responsive and innovative local authority, central to improving the quality of life in Cork and take the leading role in meeting the needs of our communities.

Clár Ábhair

LEATHANACH

3	Réamhfhocal an Ardmhéara
4	Ráiteas ó Bhainisteoir na Cathrach
5	Baill de Chomhairle Cathrach Chorcaí
6	Foireann Sinsearach Bainistíochta
7	Cruinnithe/Coistí/Comhdhálacha
16	Roinn Ailtire na Cathrach
19	Pobal agus Fiontar
23	Gnóthaí Corparáideacha
27	Forbairt Cheantar na nDuganna
30	Comhshaol
33	Tithíocht agus Pobal
36	Córas Faisnéise
39	An Roinn Pearsanra
42	Pleanáil agus Forbairt
47	Áineas, Conláiste agus Cultúr
50	Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa 2005
53	Bóithre agus Iompar
56	Ráitis Airgeadais
59	Táscairí Seirbhíse
66	Eolas Earcaíochta
69	Plean Corparáideach – Tuarascáil faoi Dul Chun Cinn 2005

Réamhfhocal an Ardmhéara

Ba mhór an phribhléid dom a bheith tofa mar Ardmhéara i lár ceann de na blianta is corraithí i stair na cathrach. Faoin am a tháinig mé isteach san oifig, bhí mo réamhtheachtaí, An Comhairleoir Seán Ó Máirtín tar éis a bheith i gceannas ar chuid de na himeachtaí Ealaíona agus Cultúrtha ba thaibhsí agus ba chuimsithí i stair na cathrach. Faoi dheireadh na bliana d'fhreastail breis agus milliún daoine, seacht oiread daonra na cathrach, ar imeachtaí oifigiúla Chorcaí 2005 mar ar tháinig lucht féachana áitiúla agus idirnáisiúnta amach chun féachaint ar chlár Chorcaí 2005. Tháinig cuairteoirí os na ceithre hairde chuig ár gcathair ní amháin chun imeachtaí sa sceideal Chorcaí 2005 a fheiceáil ach chun an fáilte uathúil a thugann muintir Chorcaí dá chuairteoirí a mhothú dóibh féin. Is é an dúshlán atá ann dúinn mar chathair ná a chinntiú go dtugfar misneach dóibh siúd a tháinig go Corcaigh don chéad uair i 2005 teacht arís agus an focal a scaipeadh faoi.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun buíochas a ghabháil leo siúd atá ag obair san earnáil Phobail agus Dheonach a thugann a gcuid ama agus fuinnimh go rialta gan stró ar mhaithe dhaoine eile, go háirithe do dhaoine aosta agus easlána, cé go bhfuil raon na n-eagraíochtaí agus na dtairbhithe de chúnamh dá leithéid fada agus ilghnéitheach. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí an-bhródúil as a gcomhcheangal le heagraíochtaí atá ag déileáil le daoine gan dídean agus tá siad de shíor ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh sa cheist thábhachtach seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le Comhairle Cathrach Chorcaí a raibh a gcuid oibre thar cheann mhuintir Chorcaí admhaithe chomh poiblí sin leis na mórán duaiseanna a bhain an eagraíocht amach i rith na bliana i réimse ábhair dhifriúla.

Ar dheireadh ba mhaith liom buíochas a ghabhail le mo chomhghleacaithe as a n-obair chrua leanúnach agus a ndílseacht do shaoránaigh Chorcaí ar a leanann siad ag déanamh a ndícheall dá leas.

Bliain eisceachtúil ab ea í 2005 don cathair. Tá súil agam go d'fhéadfaimis an leas is mó gur féidir a bhaint as an ngluaiseacht a chruthaíodh agus na héachtaí a rinneadh i rith na bliana eisceachtúla seo.

Deirdre Uí Chlúin

AN COMHAIRLEOIR DEIRDRE Uí CHLÚIN
ARDMHÉARA CHORCAÍ

Réamhrá ó Bhainisteoir na Cathrach

Níl aon cheist ann ach gurb í 2005 ceann de na bliana is sonraí i stair ár gcathrach. Mar ullmhúchán dár ainmniú mar Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa, d'infheistigh an chathair go trom in ullmhúchán i mbonneagair. Chuaigh na tionscadail seo i raon ó fheabhsaithe fisiciúla don fhearann poiblí, athchóiriú fhoirgnimh oidhreachta, ionaid cultúrtha nua a sholáthar agus conláistí poiblí a sholáthar. Ba é €196m costas i mbonneagair chaipitil seo. Bhí an clár cultúrtha deartha chun rith ar feadh na bliana ar fad. Ón searmanas oscailte ollásach ar an 8ú Eanáir 2005 bhí an chathair ar chóstóir roithleáin. Bhí deis ag an bpobal i gcoitinne freastal agus sásamh a bhaint as na taispeántais, seónna, ceol, dráma, ceoldráma, rince, filíocht, spóirt, litríocht, aontaí, ceardlanna srl. go leibhéal nár mothaíodh riamh. Bhí deis ag ealaíontóirí sa chathair bualadh le healaíontóirí eile ó thíortha eile san Eoraip agus a gcuid oibre a fheiceáil agus a phlé. Fuair stiúrthóirí ealaíona taithí in ullmhú agus bainistiú ócáidí ollmhóra, rud a sheasfaidh dóibh sa todhchaí. Bhí pobail áitiúla ar fud na cathrach i mbun raon mór tionscadail. Thug an Earnáil Chorparáide tacaíocht airgeadais agus sochair comhchinéail gan réamhshampla le himeachtaí cultúir agus ealaíona. Fuair na mórán urraithe nua a tháinig ar bord taithí sásúil agus tá súil againn go leanfaidh siad ag tacú le himeachtaí cultúrtha sa todhchaí.

I 2005 fuair Comhairle Cathrach Chorcaí aitheantas d'ardchaighdeán na seirbhíse a thugann sí don phobal. I rith na bliana bhuaigh an Chomhairle Cathrach sé ghradam Náisiúnta. Bhuaigh sí an chéad duais mar Údarás Áitiúil na Bliana faoin scéim dámhachtana eagraithe ag Cumainn Tráchtála na hÉireann. Ag an ócáid ceanna bhuaigh Comhairle Cathrach Chorcaí an duais Partnership with Business dá tionscnamh Leathan Bhanda "Connect Cork" agus bhuaigh Corcaigh 2005 an chatagóir ealaíona. Bhuaigh suíomh idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí www.corkcity.ie an duais don Shuíomh Idirlín is Fearr na hEarnála Poiblí – an catagóir Áitiúil sna Golden Spider Irish Internet Awards. Bhí an tSaotharlann Buanbheatha de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí ar an ngearrliosta sa chatagóir céanna. Ainmníodh Sráid Phádraig mar an Sráid Cathrach is Fearr don dara bhliain as a chéile faoin Scéim Comharsanachta a bhí á stiúradh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus fuair an Chomhairle an Duais 2005 ón Institiúid Cairte Tógála as an obair a ghlacadh faoi chun forbairt na cathrach a chur chun cinn. Baineadh na duaiseanna seo amach trí obair foirne agus is moladh iad don fhoireann i ngach Roinn. Is comhartha iad freisin ar an leithead tallainne agus cumais atá againn mar eagraíocht earnála phoiblí. Ba maith liom an deis seo a thógáil chun buíochas ó chroí a ghabháil le gach ball den fhoireann ar son a gcuid oibre i rith na bliana.

Ar an taobh geilleagair de, chonaic an chathair méadú ollmhór i líon na gcuairteoirí agus i ngnó comhdhála i rith na bliana. Mar thoradh den cheiliúradh rathúil dár ainmniú mar Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa tá próifíl dhearfach na Cathrach Chorcaí feabhsaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá leas bainte amach ag an gCathair féin as na hoibreacha athnuachana móra go háirithe ar Shráid Phádraig agus Sráid Oilibhéar Pluincéad a chur in áireamh do choisithe amháin. Tá an bonneagar cultúrtha forbartha a thuilleadh agus tá infheistíocht na hearnála phríobháidí níos airde ná mar bhí sé le blianta.

Leanfaidh na leasa ó Chorcaigh 2005 ar feadh i bhfad do shaoránaigh na cathrach Chorcaí. Beidh forbairtí níos mórthaibhsí fiú i 2006: tosú an Clár um Fhorbairt na nDuganna, oscailt na WebWorks, athbhunú Chaisleáin na Carraige Duibhe agus daingneoidh críochnú de na n-oifigí cathartha nua de chuid na Comhairle Cathrach Chorcaí ár stádas mar chathair an-nuálaíoch agus forásach. Anois téimid ar aghaidh, lán muiníneach, chun aghaidh a thabhairt ar ár gcéad fhiontar eile a bheidh mar an Expo Cork 2010 –Expo idirnáisiúnta faoi théama na Maireachtála Uirbí atá le bheith ar súil i gCorcaigh sa bhliain 2010.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ardmhéara, le baill na Comhairle Cathrach agus an fhoireann as ucht a dtacaíocht i rith 2005.

Seosamh Ó Gabháin

SEOSAMH Ó GABHÁIN
BAINISTEOIR NA CATHRACH

Members of Cork City Council
Baill de Chomhairle Cathrach Chorcaí

South-East Electoral Area Toghcheantar Thoir Theas

Cllr.
Deirdre Clune
FG

Cllr.
Donal Counihan
FF

Cllr.
Chris O'Leary
GP

Cllr.
Denis O'Flynn
LAB

Cllr.
Terry Shannon
FF

Cllr.
Jim Corr
FG

South-Central Electoral Area Toghcheantar Lár Theas

Cllr.
Con O'Connell
NP

Cllr.
Ciarán Lynch
LAB

Cllr.
Seán Martin
FF

Cllr.
Tom O'Driscoll
FF

Cllr.
Denis Cregan
FG

South-West Electoral Area Toghcheantar Thiar Theas

Cllr.
Jerry Buttimer
FG

Cllr.
Fergal Dennehy
FF

Cllr.
Mary Shields
FF

Cllr.
Brian Bermingham
FG

Cllr.
Michael Ahern
LAB

Senior Management Team of Cork City Council
Foireann Bhainistíochta Sinsireach Chomhairle Cathrach Chorcaí

Principal Officers
Príomhoifigigh

SEATED LEFT TO RIGHT, INA SHUÍ

TIM HEALY
HEAD OF FINANCE
CEANNAIRE AIRGEADAIS

KEVIN TERRY
DIRECTOR OF SERVICES, ROADS & TRANSPORTATION AND CITY ENGINEER
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ , BÓITHRE AGUS IOMPAR AGUS INNEALTÓIR CATHRACH

DEBORAH HEGARTY
LAW AGENT
GNÍOMHAIRE DLÍ

DENIS O'MAHONY
DIRECTOR OF SERVICES,ENVIRONMENT
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ, COMHSHAOL

JIM O'DONOVAN
DIRECTOR OF SERVICES, PLANNING & DEVELOPMENT
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ, PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

* JOHN D. FLYNN
DIRECTOR OF SERVICES, CORPORATE AFFAIRS
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ, GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

JOE GAVIN
CITY MANAGER
BAINISTEOIR NA CATHRACH

G. P. O'HALLORAN
PERSONNEL OFFICER
OIFIGEACH PEARSANRA

PAT LEDWIDGE
DIRECTOR OF SERVICES, COMMUNITY & ENTERPRISE,
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ, POBAL AGUS FIONTRAÍOCHT

JOE KENNELLY
DIRECTOR OF SERVICES, RECREATION, AMENITY & CULTURE,
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ, ÁINÉAS, CONLÁISTÍ AGUS CULTÚR

STEPHEN KEARNEY
DIRECTOR OF SERVICES, HOUSING & COMMUNITY
STIÚRTHÓIR SEIRB HÍSÍ, TITHÍOCHT AGUS POBAL

RUTH BUCKLEY
HEAD OF IS
CEANNAIRE AR SHEIRBHÍSÍ FAISNÉISE

DAN BUGGY
ASSISTANT CITY MANAGER AND DIRECTOR OF DOCKLANDS DEVELOPMENT AND SPECIAL PROJECTS
BAINISTEOIR CÚNTA NA CATHRACH, STIÚRITHÓIR FORBAIRT NA NDUGANNA AGUS TIONSCNAIMH SPEISÍALTA

JACK HEALY
A / CITY ARCHITECT
AILTIRE NA CATHRACH (FEIDHMEACH)

* JOHN D. FLYNN
(RESIGNED TO TAKE UP POSITION WITH KERRY CO. CO. SEPTEMBER 2005)
D'EIRIGH AS MEÁN FOMHAIR 2005 CHUN POST A GHLACADH LE CHOMHAIRLE CHONTAE CHIARRAÍ

FINBARR ALLISON
ACTING DIRECTOR UNTIL DECEMBER 31ST
STIÚIRTHOIR FEIDHMEACH GO 31 NOLLAIG

Ballraíocht na mBord/gCoistí

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CATHRACH CHORCAÍ
An Comhairleoir Terry Shannon
An Comhairleoir Tim Brosnan
An Comhairleoir David McCarthy
An Comhairleoir Máirín Quill
An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Deirdre Clune
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Denis O'Flynn
An Comhairleoir Chris O'Leary

CALAFORT CHORCAÍ
An Comhairleoir Damian Wallace

BORD FORBARTHA NA CATHRACH
An Comhairleoir Terry Shannon
An Comhairleoir Patricia Gosch
An Comhairleoir Denis Cregan
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Denis O'Flynn

COISTE POLASAÍ PLEANÁLA STRAITÉISEACH CHEANTAIR CHORCAÍ
An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Deirdre Clune
An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Chris O'Leary

COMHCHOISTE COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ/COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ
An Comhairleoir John Kelleher
An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Jonathan O'Brien
An Comhairleoir Colm Burke
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Mary Shields

CUMANN NA MBALL AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL
An Comhairleoir Donal Counihan

CUMANN ÚDARÁS BARDASACHA NA HÉIREANN
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Sean Martin

CATHRACHA EORPACHA I GCOINNE DRUGAÍ
An Comhairleoir Jim Corr

BORD FIONTAIR CHATHRACH CHORCAÍ
An Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Donal Counihan

BORD IONTAOBHAIS FOTA
An Comhairleoir Jim Corr

COMHPHÁIRTÍOCHT CATHRACH CHORCAÍ
An Comhairleoir Patricia Gosch
An Comhairleoir Catherine Clancy
An Comhairleoir Tony Fitzgerald

DÚSHLÁIN CATHRACH CHORCAÍ
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Gary O'Flynn

TURASÓIREACHT CHIARRAÍ CHORCAÍ
An Comhairleoir Mary Shields

COMHAIRLE GINEARÁLTA NA GCOMHAIRLÍ CONTAE
An Comhairleoir Denis Cregan
An Comhairleoir Catherine Clancy
An Comhairleoir David McCarthy

TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR
An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Tom O'Driscoll

ÚDARÁS RÉIGIÚNACH AN IAR DHEISCIRT
An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Sean Martin,
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Con O'Connell

BÉILÍ SCOILE
An Comhairleoir Catherine Clancy
An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Mary Shields

COISTE FORBARTHA POBAIL
An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Colm Burke
An Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Denis Cregan
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Michael Ahern

An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir Gary O'Flynn
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Mary Shields
An Comhairleoir Annette Spillane
An Comhairleoir Con O'Connell
An Comhairleoir Máirín Quill

COISTE EALAÍNE

An Comhairleoir Deirdre Clune
An Comhairleoir Patricia Gosch
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir John Kelleher
An Comhairleoir Sean Martin,
An Comhairleoir Tim Brosnan
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Máirín Quill
An Comhairleoir Chris O'Leary

COISTE COMHAIRLEACH NA HEALAÍNE POIBLÍ

An Comhairleoir Ciarán Lynch

COISTE COMHAIRLEACH UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT TAISTIL

An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Jonathan O'Brien
An Comhairleoir Chris O'Leary
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Mary Shields
An Comhairleoir Catherine Clancy

AN COISTE NASCTHA BAILTE

An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Colm Burke
An Comhairleoir Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Denis Cregan
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir Gary O'Flynn
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Mary Shields
An Comhairleoir Annette Spillane
An Comhairleoir Con O'Connell
An Comhairleoir Máirín Quill

AN GRÚPA STIÚRTHA

An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir John Kelleher
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Jonathan O'Brien

LEISUREWORLD

An Comhairleoir David McCarthy
An Comhairleoir Pat Gosch
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Mary Shields
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Jerry Buttimer

COISTE COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA AN LÁRIONAID SPÓIRT BHAILE NA MBOCHT

An Comhairleoir Tim Brosnan
An Comhairleoir Dara Murphy

COISTE BAINISTÍOCHTA AN GHALFCHÚR-SA BHARDASAIGH BAILE MHACHAN

An Comhairleoir Denis Cregan
An Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Denis O'Flynn
An Comhairleoir Michel O'Connell
An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Donal Counihan

COISTE (ÓLACHÁN AR NA SRÁIDEANNA) UM DEOCHANNA MEISCIÚLA

An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Terry Shannon
An Comhairleoir Sean Martin,
An Comhairleoir Catherine Clancy

TASCFHÓRSA DRUGAÍ ÁITIÚIL

An Comhairleoir Deirdre Clune
An Comhairleoir Tony Fitzgerald
An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Ciarán Lynch

BORD NA HAMHARCLAINNE EVERYMAN PALACE

An Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Tim Brosnan

BORD CORK OPERA HOUSE

An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Máirín Quill
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir Sean Martin,
An Comhairleoir Terry Shannon

COISTE WANDESFORD QUAY HOLDING

An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Tony Fitzgerald

BORD AN MONARCHAN DEALBHÓIRE-ACHTA NÁISIÚNTA

An Comhairleoir Catherine Clancy
An Comhairleoir Fergal Dennehy

CUMANN TALMHAÍOCHTA NA MUMHAN

An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Denis O'Flynn
An Comhairleoir Tony Fitzgerald

COISTE FEIDHMIÚIL TITHÍOCHTA

An Comhairleoir Patricia Gosch
An Comhairleoir Colm Burke
An Comhairleoir Deirdre Clune
An Comhairleoir Denis Cregan
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Catherine Clancy
An Comhairleoir David McCarthy
An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Tony Fitzgerald
An Comhairleoir Gary O'Flynn
An Comhairleoir Mairín Quill
An Comhairleoir Jonathan O'Brien
An Comhairleoir Mick Barry
An Comhairleoir Con O'Connell
An Comhairleoir Sean Martin from 27th June 2005

COISTE FEIDHMIÚIL COMHSHAOIL

An Comhairleoir Tim Brosnan
An Comhairleoir John Kelleher
An Comhairleoir Mick Barry
An Comhairleoir Catherine Clancy
An Comhairleoir Patricia Gosch
An Comhairleoir Jonathan O'Brien
An Comhairleoir David McCarthy
An Comhairleoir Tony Fitzgerald
An Comhairleoir Deirdre Clune
An Comhairleoir Chris O'Leary
An Comhairleoir Denis O'Flynn
An Comhairleoir Terry Shannon
An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Fergal Dennehy

COISTE FEIDHMIÚIL PLEANÁLA & FORBARTHA

An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Colm Burke
An Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Denis Cregan
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir Gary O'Flynn
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Mary Shields
An Comhairleoir Annette Spillane
An Comhairleoir Con O'Connell
An Comhairleoir Mairín Quill

COISTE FEIDHMIÚIL IOMPAIR BHÓITHRE & SÁBHÁILTEACHTA

An Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Brian Bermingham
An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir John Kelleher
An Comhairleoir Denis O'Flynn
An Comhairleoir Michael Ahern
An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir Terry Shannon
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Mary Shields
An Comhairleoir Tim Brosnan
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Annette Spillane
An Comhairleoir Chris O'Leary

COISTE FEIDHMIÚIL ÁINEASA, CON-LÁISTE & CULTÚIR

An Comhairleoir Deirdre Clune
An Comhairleoir Dara Murphy
An Comhairleoir Jerry Buttimer
An Comhairleoir Jim Corr
An Comhairleoir Tony Fitzgerald
An Comhairleoir Donal Counihan
An Comhairleoir Terry Shannon
An Comhairleoir Mary Shields
An Comhairleoir Chris O'Leary
An Comhairleoir Annette Spillane
An Comhairleoir Denis O'Flynn
An Comhairleoir Ciarán Lynch
An Comhairleoir Michael O'Connell
An Comhairleoir Damian Wallace
An Comhairleoir David McCarthy

GRÚPA MONATÓIREACHTA CHATHRACH CHORCAÍ

An Comhairleoir John Kelleher
An Comhairleoir Sean Martin

COMHLACHTAÍ COMHÁRACHAIS POIBLÍ NA HÉIREANN

An Comhairleoir Donal Counihan

GRÚPA POLASAÍ CORPARÁIDEACH

An Comhairleoir Patricia Gosch
An Comhairleoir Denis O'Flynn
An Comhairleoir Terry Shannon
An Comhairleoir Tom O'Driscoll
An Comhairleoir Denis Cregan

Ballraíocht na gCoistí Polasaí Straitéiseacha 2005

AN COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH TITHÍOCHTA & SEIRBHÍSÍ POBAIL

Comhairleoirí	Earnálacha Ionadaithe	Ionadaithe
An Comhairleoir Michael Ahern		
An Comhairleoir Deirdre Clune	Ceardchumainn	Michael Scanlon
An Comhairleoir David McCarthy	Gnó agus Fostóirí	Patsy Supple
An Comhairleoir Máirín Quill	Pobal/Deonach	Margaret O'Neill
An Comhairleoir Con O'Connell	Míbhuntáiste	
An Comhairleoir Denis O'Flynn		
Cllr Sean Martin (from 27th June 2005)		

COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH BÓITHRE AGUS IOMPAIR

Comhairleoirí	Earnálacha Ionadaithe	Ionadaithe
An Comhairleoir Brian Bermingham		
An Comhairleoir Michael O'Connell	Ceardchumainn	John Bowen
An Comhairleoir Tim Brosnan	Gnó & Fostóirí	Seán Cullinan
An Comhairleoir Fergal Dennehy	Pobal/Deonach/	Anna Buckley
An Comhairleoir Chris O'Leary	Míbhuntáiste	
An Comhairleoir Terry Shannon		

COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH PLEANÁLA AGUS FORBARTHA

Comhairleoirí	Earnálacha Ionadaithe	Ionadaithe
An Comhairleoir Jim Corr		
An Comhairleoir Catherine Clancy	Ceardchumainn	Suzanne Mullins
An Comhairleoir Damian Wallace	Gnó agus Fostóirí	D. O'Riordan
An Comhairleoir Gary O'Flynn	Pobal/Deonach/	Pearse Barrett
An Comhairleoir Annette Spillane	Míbhuntáiste	
An Comhairleoir Denis Cregan		

COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

Comhairleoirí	Earnálacha Ionadaithe	Ionadaithe
An Comhairleoir John Kelleher		
An Comhairleoir Mick Barry	Ceardchumainn	Patrick Guilfoyle
An Comhairleoir Patricia Gosch	Gnó & Fostóirí	David Ronayne
An Comhairleoir Colm Burke	Pobal/Deonach	Charlie Hennessy
An Comhairleoir Donal Counihan	Míbhuntáiste	
An Comhairleoir Mary Shields		

COISTE POLASAÍ STRAITÉISEACH ÁINEASA, CONLÁISTE & AGUS CULTÚIR

Comhairleoirí	Earnálacha Ionadaithe	Ionadaithe
An Comhairleoir Jerry Buttimer		
An Comhairleoir Dara Murphy	Ceardchumainn	Denis Lyons
An Comhairleoir Ciarán Lynch	Caomhnú/Comhshaoil	Gerry Kelly
An Comhairleoir Tony Fitzgerald	Cultúr	
An Comhairleoir Jonathan O'Brien	Caomhnú/Comhshaoil	Maurice McCarthy
An Comhairleoir Tom O'Driscoll	Cultúr	

Comhdhálacha ar a bhFreastalaíodh i 2005

Uimh.	Ainm	Suíomh	Dáta	Líon na gComhairleoirí
1.	Fás Eacnamaíoch Iomlán a bhaint amach agus Córais Tacaíochta Láidre á chothabháil againn – Conas a dhéanaimid é?	Óstán Gresham Metropole Baile Átha Cliath	10ú Eanáir	1
2.	Comhdháil Dúthalla	Duhallow Park Hotel Bóthar Chill Airne, Ceann Tuirc, Co. Chorcaí	20-22 Eanáir	1
3.	Caidreamh Poiblí agus Ionadaí Tofa	The Galway Bay Hotel, Bóthar na Trá, Co. na Gaillimhe	26-27 Eanáir	5
4.	Amharclann Turasóireachta	Dunadry Hotel & Country Club Maígh Chomair, Dún Eadradh Co. Aontroma	28/29 Eanáir	2
5.	Scoil Gheimhridh Mherriman	An Shannon Shamrock Hotel Bun Ráithe, Co. an Chláir	28-30 Eanáir	2
6.	Forfheidhmiú na Straitéise Spásúla Náisiúnta – Ról na n-Údarás Réigiúnacha	Temple Gate Hotel Inis, Co. An Chláir	3/4 Feabhra	5
7.	Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil	An Clonea Strand Hotel Cluain Fhia, Co. Phort Láirge	4/5 Feabhra	5
8.	Seimineár an Earraigh 2005 an AMAI	Holiday Inn Leitir Cheannainn Co. Dún na nGall	11/12 Feabhra	7
9.	An Leas Eacnamaíoch & Sóisialta d'Fhorbairt Oidhreachta i mBailte Éireannacha	Listowel Arms Hotel Lios Tuathail, Co. Chiarraí	17/18 Feabhra	3
10.	Féin Mharú – Cosc & Meabhraíocht	An Abbey Manor Hotel, Droim Dhá Thiar, Co. Liatroma	18/19 Feabhra	1
11.	Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta Cheatharlach	Óstán Seven Oaks Bóthar Átha Í, Ceatharlach	24/25 Feabhra	3
12.	Scoil Gheimhridh Cholm Cille	Ionad Oidhreachta Cholm Cille, Gartán, Mín an Lábáin Co. Dún na nGall	25-27 Feabhra	5
13.	Comhairle Ginearálta na gComhairlí Contae	Johnstown House Hotel An Bóthar Buí, Co. na Mí	3-5 Márta	10
14.	(1) An Clár "Rapid" (2) Saol ina dhiaidh na Polaitíochta	An Slievenamon Golf Club & Fairways, Cluain Meala Co. Tiobraid Árann	4-5 Márta	1
15.	Fuinneamh Núicléach: An bhfuil todhchaí aige?	Westcourt Hotel Droichead Átha, Co. Lú	10-11 Márta	1
16.	Tochailt Loch Gorman	Riverbank Hotel Loch Gormáin	11-13 Márta	4
17.	Comhdháil Ginealach 2005	Oranmore Lodge Uaran Mór, Co. na Gaillimhe	19-20 Márta	1
18.	An Comhbheartas Talmhaíochta – Impleachtaí d'Fhorbairt Áitiúil ina dhiaidh 2006	Kilkee Bay Hotel Cill Chaoi, Co. an Chláir	14-15 Aibreán	4
Uimh.	Ainm	Suíomh	Dáta	Líon na

Uimh.	Ainm	Suíomh	Dáta	Líon na gComhairleoirí
19.	Féile Síochána Idirnáisiúnta	Ionad Excel, Tiobraid Árann	15-17 Aibreán	3
20.	Truailliú Aeir	Carrigaline Court Hotel Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí	21-22 Aibreán	1
21.	Comhdháil Dúthalla	Duhallow Park Hotel Bóthar Chill Airne, Ceann Toirc. Corcaigh	21-24 Aibreán	4
22.	An tSeirbhís Tithíochta Áitiúil – Seimineár Traenála do Chomhairleoirí	An Commercial and Tourist Hotel, An tSráid Ard Béal an Átha Móire, Co. Liatroim	22-23 Aibreán	1
23.	Iompraíocht Frithshóisialta: Gearáin leis an gCúirt	Tullamore Court Hotel An Tulach Mór, Co. Uí Fhaille	27-28 Aibreán	1
24.	Comhdháil Aitheantais Comhshaoil Chiarraí	Golf Hotel, Baile an Bhuineánánaigh, Co. Chiarraí	4-7 Bealtaine	2
25.	Comhpháirtíochtaí Áitiúla… trioblóidí gan críoch?	Hibernian Hotel Malla, Co. Chorcaí	19-21 Bealtaine	4
26.	Eispéireas Chathair na Mart	Hotel Westport, Cathair na Mart, Co. Maigh Eo	19-21 Bealtaine	2
27.	An Chathair Comhbhách? – Deireadh a Chur Le hEaspa Dídeana	Halla na Mílaoise Halla na Cathrach, Corcaigh	24-25 Bealtaine	1
28.	Seimineár Scile na Meán do Chomhairleoirí	Arklow Bay Hotel An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin	21 Bealtaine	1
29.	Ag Cruthú Polasaí don Todhchaí: Ag comhroinnt na rudaí a oibríonn a roinnt agus ag foghlaim ó dhaoine eile faoin soláthar de sheirbhísí sláinte agus sóisialta do phobail nua	Tullamore Court Hotel An Tulach Mór Co. Uíbh Fhailí	25-26 Bealtaine	1
30.	Comhdháil Tithíochta Náisiúnta	Halla Cathrach Chorcaí	30-31 Bealtaine	1
31.	Clár Traenála do Chathaoirligh na gCoistí Polasaí Straitéiseach	Rochestown Park Hotel Baile an Róiste, Co. Chorcaí	3 Meitheamh	1
32.	An Éirimiúlacht do Spórt in Éirinn Nua-aimseartha	Mullingar Park Hotel An Muileann gCearr Co. na hIarmhí	23-24 Meitheamh	2
33.	Scoil Samhraidh Byrne/Perry– "1916: Bunús agus Oidhreacht:	Scoil na mBráithre Críostaí, Guaire, Co. Loch Gormáin	24-26 Meitheamh	9
34.	Talamh na hÉireann – 18ú Comhdháil Dubhghlas de hÍde	Bealach an Doirín agus Béal Átha na mBuillí Co. Ros Comáin	15-17 Iúil	2
35.	Scoil Samhraidh & Seachtain Ealaíne MacGill 2005	Na Gleannta Co. Dún na nGall	17-22 Iúil	3
36.	Scoil Samhraidh Pharnell 2005 – Ag Socrú na dTeorannacha – Éire ó na hImill	Avondale House & Forest Park Ráth Droma Co. Chill Mhantáin	14-19 Iúil	6
37.	Scoil Samhraidh Mherriman 2005	Lios Dún Bhearna Co. an Chláir	20-27 Lúnasa	2

Uimh.	Ainm	Suíomh	Dáta	Líon na gComhairleoirí
38.	An Ginearál Humbert –Scoil Samhraidh Michael Davitt 2005	Béal an Átha Cill Ala, Leacain & Cill Chuimín Co. Maigh Eo	23-28 Lúnasa	8
39.	Rialtais Áitiúil & na hEalaíona 2001	The Silver Tassie Hotel Bóthar Bhaile na nGallóglach Leitir Ceannainn Co. Dhún na nGall	26-27 Lúnasa	2
40.	Comhdháil Bhliantúil an AMAI 2005	Oakwood Arms Hotel An tSionainn, Co. an Chláir	15-17 Meán Fómhair	6
41.	Ag cur Clár Oibre Calafoirt na hÉireann chun Cinn	Faithlegg House Hotel Co. Phort Láirge	Meán Fómhair	1
42.	Ról na Rialtas Áitiúil i gcur chun cinn Riail Poiblí	Charlesland Golf & Country Club Hotel Na Clocha Liatha Co. Chill Mhantáin	30 Meán Fómhair go dtí 2 Deireadh Fómhair	4
43.	Comhdháil ar Phleanáil – An Tuath in aghaidh na Cathrach	Bay View Hotel Na Cealla Beaga Co. Dhún na nGall	5-7 Deireadh 2 Fómhair	
44.	Dul i nGréim 2005 – Ag Comhaireamh na gCostas	Hotel Europe Cill Airne, Co. Chiarraí	6-7 Deireadh Fómhair	5
45.	Féile Frank McGann	Strokestown Park House Béal Átha na mBuillí Co. Ros Comáin	6-9 Deireadh Fómhair	1
46.	Athchóiriú an Mhaoinithe Rialtais Áitiúil: Luach-ar-Airgead & Éifeachtacht	Mount Wolsely Hilton Hotel, An Tulach Co. Ceatharlach	21 Deireadh Fómhair	2
47.	Oideachas agus Rialtas Áitiúil	The Carraig Hotel An tSráid Mhór Carraig na Siúire Co Tiobraid Árann	28-29 Deireadh Fómhair	2
48.	LAMA – Comhdháil Bhliantúil an Gheimhridh	Mount Errigal Hotel Leitir Ceanainn	4/5 Samhain	7
49.	Ag Líonadh an Fholúis?	West County Hotel & Conference Centre, Inis, Co. an Chláir	8/9 Samhain	3
50.	Comhdháil um Fhorbairt Eacnamaíoch Áitiúil 2005-do Rathúnas Todhchaíochta a Chruthú & a Bheith i do Sheilbh	Radisson Hotel Luimneach	24 Samhain	2
51.	"Seasamh na Turasóireachta - Caighdeán nó Praghas"	The Falls Hotel Inis Díomáin, Co. an Chláir	25 & 26 Samhain	5
52.	Seimineár um Iompar Frithshóisialta	Wellington Park Hotel Béal Feirste	6 Nollaig	1
53.	Comhpháirtíochtaí um fhéinmharú óige a laghdú	Kilkenny Ormonde Hotel	7-9 Nollaig	4
54.	Buiséad Rialtais Áitiúil	Carlton Millrace Hotel Bun Clóidí, Co. Loch Gormáin	10 Nollaig	3
55.	Tascfhórsa Drugaí Réigiúin an Deiscirt	Ambassador Hotel, Corcaigh	16 Nollaig	1

Cruinnithe na Comhairle

Name	No
An Grúpa Stiúrtha	0
Gnáthchruinnithe Comhairle	21
Cruinnithe Speisialta	11
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1
Cruinnithe an Choiste Feidhmiúil Thithíochta	12
Cruinnithe an Choiste Polasaí Straitéiseach Tithíochta	2
Cruinnithe an Choiste Feidhmiúil Bhóithre &Iompair	12
Cruinnithe Choiste Polasaí Straitéiseach Bóithre & Iompair	5
Cruinnithe an Choiste Feidhmiúil Áineasa, Chonláiste & Chultúir	6
Cruinnithe an Choiste Polasaí Straitéiseach Áineasa, Chonláiste & Chultúir	3
Cruinnithe an Choiste Feidhmiúil Comhshaoil	6
Cruinnithe an Choiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil	4
Cruinnithe an Choiste Feidhmiúil Pleanála & Forbartha	6
Cruinnithe an Choiste Polasaí Straitéiseach Pleanála & Forbartha	5
Comhchoiste Comhairle Cathrach Chorcaí/Comhairle Contae Chorcaí	5
Coiste Ealaíne	2
Coiste Nasctha na mBailte	5
Grúpa Polasaí Corparáideach	10
Coiste an Phlean Straitéiseach do Cheantar Chorcaí	3
Coiste um Deochanna Meisciúla ar na Sráideanna	0
Coiste Comhairleach na hEalaíne Poiblí	0
Coiste Béilí Scoile	1
Coiste Spóirt	0
Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil	10

Saoirse na Cathrach

14ú Meitheamh	Roy Keane & Sonia O'Sullivan

Fáiltí Cathartha

19ú Eanáir	Rockmount A.F.C. 2004 Seaimpíní Corn Idirmhéanach an FAI
20ú Eanáir	Foireann Peile na Mionúirí Dhúbhglais - 2004 Seaimpíní Comórtas Priomhdha Peile Mionúr Chontae Chorcaí
15ú Feabhra	Foireann Peile Sinsearach Chrosaire an Fhaoitigh & Foireann Iomána Sóisear ach Baile na mBocht
8ú Márta	Lá Idirnáisiúnta na mBan
7ú Meán Fómhair	40ú Comhdháil Innealtóireachta Cumhachta na n-Ollscoileanna Idirnáisiúnta
19ú Meán Fómhair	Méara San Francisco agus an Coiste Comhchathrach San Francisco-Corcaigh
22ú Deireadh Fómhair	85ú Cothrom Iae báis Terence MacSwiney
26ú Deireadh Fómhair	Foireann Iomána Sinsearach Chorcaí
18ú Samhain	Foireann Camógaíochta Sinsearach Chorcaí
28ú Samhain	An tUasal. Kunio Takeda, Cathaoirleach, Féile AE na Seapáine
5ú Nollaig	Cumann Peile Cathrach Chorcaí

Costais

Is í an íocaíocht iomlán ag Comhairle Cathrach Chorcaí maidir le tinreamh ar, údaraithe ag an údarás, ar chruinniú de chumann ordaithe d'údaráis áitiúla ina bhfuil an t-údarás mar bhall, agus tinreamh, údaraithe ag an údarás, ar chomhdháil, seimineár nó cruinniú nó ócáid eile ná €121,088.21 i 2005. Ba é an méid iomlán den íocaíocht seo a bhain le costais taistil agus maireachtála laistigh den Stát ná €103,310.64 agus €11,563.99 lasmuigh den Stát. Ba í an íocaíocht iomlán ag an gComhairle maidir le liúntais chostais bhliantúil na gcomhairleoirí ná €182,127.48.

Nascadh Bailte – shínigh Comhairle Cathrach Chorcaí agus Rialtas Bardasach Mhuintir Shanghai Comhaontú Comh-Chathrach foirmiúil idir an dá chathair ar 19ú Bealtaine 2005. Is é seo an 6ú socrú um Nascadh Bailte Chathair Chorcaí. Cuireann an caidreamh Comh-Chathrach creatlach ar fáil chun comhoibriú idir ana dá chathair a chur chun cinn. Beidh an caidreamh idir an dá chathair bunaithe ar dtús ar ghnó, chultúr, turasóireacht agus oideachas. I 2005 chaith Comhairle Cathrach Chorcaí €208,339 ar nascadh bailte.

Costais Siamsaíochta

I 2005 chaith Comhairle Cathrach Chorcaí €41,926.22 ar Shaoirse na Cathrach.

I 2005 chaith Comhairle Cathrach Chorcaí €124,856.05 ar Fháiltí Cathartha.

Fodhlithe

Uchtaithe ag gnáth chruinniú na Comhairle ar 13ú Meitheamh 2005: "having regard to the report of the Director of Services/City Engineer dated the 2nd June 2005, Council in exercise of the powers conferred on them by Sections 4(2) and 36 respectively of the Road Traffic Act 1994 (No. 7 of 1994) and having consulted with the Commissioner of the Garda Síochána hereby make Bye-Laws cited as Cork City Parking Bye-Laws 2005 in relation to the control and regulation of the parking of vehicles in its administrative area."

Roinn Ailtire na Cathrach

Cuireann Roinn Ailtire na Cathrach seirbhísí ailtireachta agus comhairle ar fáil don Chomhairle Cathrach, Bainisteoir na Cathrach, Stiúrthóir Seirbhísí agus Ceannairí Feidhme. Chomh maith leis na seirbhísí seo a sholáthar, tá ról níos leithne ag an Roinn seo i gcomhairle a thabhairt faoi chúram na bhfoirgneamh bardasacha agus dearadh agus meabhraíocht ailtireachta a chur chun cinn agus a spreagadh sa chathair chomh maith. I measc na Seirbhísí Ailtireachta a chuireadh ar fáil bhí:

- Comhairle/ullmhú mionteagaisc
- Dearadh
- Pleanáil
- Tithíocht & Athshlánú
- Leabharlanna
- An Roinn Dóiteáin
- Foirgnimh Chathartha
- Bainistiú Tionscadail
- Cothabháil
- Athchóiriú
- Caomhnú agus Athshlánú

Oifigí Cathartha Nua ar Shráid Anglesea

Ullmhaíodh an mionteagasc forbartha d'Áiseanna na hOifigí Cathartha nua i 2003 agus thosaigh an tionscadal ar an suíomh i nDeireadh Fómhair 2004. Tá an suíomh idir Halla na Cathrach agus an Stáisiún Dóiteáin ar Shráid Anglesea. Beidh an foirgneamh nua ina ionad riarthach de Chomhairle Cathrach Chorcaí, agus fanfaidh Halla na Cathrach mar an t-Ionad Cultúrtha agus Polaitiúil do Chomhairle Cathrach Chorcaí. Comhshnaidhmfidh na hOifigí Cathartha molta fáiltiú pobail agus áiseanna cruinnithe ar mhaithe le comhéadan poiblí feabhsaithe, chomh maith le hoifigí príobháideacha agus seirbhísí tacaíochta do roinnt roinne na Comhairle. Cuirfidh na hoifigí áiseanna foirne d'ardchaighdeán ar fáil ina n-áirítear oifigí nua-aimseartha, le plean oscailte agus ceaintín.

Tá an fhorbairt ag dul chun cinn go maith agus tá sé le bheith críochnaithe i 2006. Déanfaidh na hoifigí nua ionchur mór don chathair, ag tógáil tús áite in aice le Halla na Cathrach.

Polasaí an Rialtais ar Ailtireacht 2002–2005

Tá sé d'aidhm ag an bpolasaí seo ar Ailtireacht, ailtireacht a chur ar an gclár oibre polaitiúil agus cultúrtha agus sa chaoi sin constaicí don tógáil de chomhshaol cháilíochta a bhaint as an tslí. Cé nach féidir le Polasaí Rialtais, leis féin, dea-ailtireacht a sheachadadh, is féidir leis:

1. An tábhacht shóisialta agus chultúrtha d'ailtireacht sa tsochaí a aithint.
2. Feabhsú i gcáilíocht an chomhshaoil tógtha a chur chun cinn, trí choinníollacha a choth aíonn an táirgeacht de dhea-ailtireacht agus an chosaint d'oidhreacht na hailtireachta a chothú, agus trí chleachtas feabhsaithe a spreagadh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.
3. An coincheap de mharthanacht i ndearadh, i dtógáil, i bhfeidhmiú, i gcothabháil agus i bhfeabhsú foirgneamh a chur chun cinn.
4. Sampla a thabhairt don phobal i gcoitinne trí ardchaighdeán na bhfoirgneamh a thógann an Stát, agus an cúram a thaispeánann sé i leith na bhfoirgneamh a fhaigheann sé le hoidhreacht.
5. Ardchaighdeáin soláthair chomhshaoil a chur chun cinn sa rialtas áitiúil, sna hearnálacha fo-Stáit agus príobháideacha trí reachtaíocht, rialachán agus bearta airgeadais de réir mar is cuí.
6. Cabhrú chun spiorad a chruthú agus a chothabháil a chuireann luach ar fhoirgnimh trí oideachas agus spreagadh.

Obair atá ar siúl faoi láthair:	Stádas ag an Nollag 2005
Athghiniúint an Ghleanna Pas 1	Beagnach críochnaithe
Athghiniúint an Ghleanna Pas 2	Le bheith curtha isteach le haghaidh Pleanála
Athghiniúint Chnoc na hAoine, céim D	Ar shuíomh
Athghiniúint Chnoc na hAoine, céimeanna EFGH	Le bheith curtha isteach le haghaidh Pleanála
Oifigí Cathartha ar Shráid Anglesea /Shráid Eglinton	Ar shuíomh, le bheith críochnaithe i 2006
Craobh Leabharlainne Bhóthair na mBuaircíní,	Críochnaithe Bealtaine '05
Baile Féitheán	
Cartlann sa Linn Dubh	Le bheith críochnaithe Márta '06
Tithíocht Chrosaire Tuirnéir.	Ar shuíomh
Leabharlann Bhaile an Easpaig ag Wilton.	Ar shuíomh
Teach Rinn Mhachan, Machan	Ar shuíomh
Tithíocht Dídean, Machan	Ar shuíomh
Iarsmalann, Plás an Ghearaltaigh	Críochnaithe
Tithíocht Ghort Suzie.	Ar shuíomh
Foirgnimh Cosanta Sibhialta, An Linn Dubh	Críochnaithe Ean'05
Tithíocht Thobar Naomh Eoin	Le bheith críochnaithe Márta '06
Aghaidheanna Halla na Cathrach.	Críochnaithe
Ráillí Halla na Cathrach.	Ar shuíomh
Síntí agus athchóirithe Tithíochta	Éagsúil
Athruithe Mhargaidh Shráid an Phrionsa	Céim Dearaidh
Síneadh ar Leisureworld	Céim Pleanála
Athchóiriú ar an Stáisiún Dóiteáin Lárnach	Céim Dearaidh

Oibreacha móra críochnaithe 2005	Luach (€)
Craobh Leabharlainne Bhóthair na mBuaircíní,	2.3m
Baile Féitheán	
Athghiniúint an Ghleanna Pas 1	18.0m
Síneadh don Iarsmalann ag Páirc Mhic Ghearailt	2.00m

Pobal agus Fiontar

Tá an Stiúrthóireacht Phobail agus Fhiontair freagrach as na feidhmeanna seo a leanas:

- Bord Forbartha Chathrach Chorcaí
- An Clár RAPID
- Cuimsiú Sóisialta
- Forbairt Phobail
- Local Agenda 21

Baineann sé go príomha le chomhtháthú na seirbhísí pobail áitiúla d'fhonn éifeachtacht an tseachadta seirbhíse poiblí a fheabhsú. Tá an fhreagracht do riachtanais áitiúla agus rannpháirtíocht mhéadaithe ag pobail áitiúla agus geallshealbhoirí eile i gcruthú polasaí mar imní faoi leith. I rith 2005 bhí an Stiúrthóireacht bainteach sna rudaí seo a leanas:

Connect Cork – Plean TFC Comhairle Cathrach Chorcaí do 2005

Críochnaíodh Pas a haon den tionscadal Connect Cork i 2005.Is iad cuspóirí an Phlean TFC Chorcaí ná:

- Chun comhshaol TFC Chorcaí a chur ar aghaidh chun iomaíochas todhchaíochta na cathrach a chinntiú
- Corcaigh a lonnú mar chathair fíor r-chumasach
- Úsáid TFC a mhéadú i ngnóthaí, go háirithe sa mhargadh FBM (Fiontair Bheaga agus Mheánacha)
- Leibhéal na scileanna TFC a mhéadú go ginearálta trasna an phobail
- Oideachas a chur ar neamh-úsáideoirí TFC faoi leasa úsáid a bhaint as an idirlín.

Trí phríomh imeachtaí de chuid Connect Cork a bhí ar siúl i 2005 ná – teicneolaíocht do ghnó; teicneolaíocht gan sreang agus soghluaiste; agus teicneolaíocht d'oideachas. Bhuaigh an tionscadal an duais 'Partnership with Business' de chuid Cumainn Tráchtála na hÉireann i mí na Samhna. Tá breis sonraí faoi Connect Cork ar fáil ar www.connectcork.ie

Taispeántas "Discovery"

Tionóladh an chéad taispeántas Eolaíochta agus Teicneolaíochta 'Discovery 2005' i Halla na Cathrach i Márta chun eolaíocht agus teicneolaíocht a chur chun cinn agus chun meabhraíocht faoi ghairm sna hearnálacha eolaíochta, innealtóireachta agus teicneolaíochta i gceantar Chorcaí a chur chuncinn. Mheall an t-imeacht breis agus 4,500 mac léinn ó Chathair agus Contae Chorcaí.

Féile Foghlama Fad Saoil Chorcaí

Tionóladh breis agus 140 imeachtaí in Aibreáin le héagsúlacht soláthraithe foghlama trasna na cathrach ag glacadh páirte.

Shanghai

Nascadh Comhairle Cathrach Chorcaí go foirmiúil le Shanghai ar 19ú Bealtaine 2005. I measc na n-imeachtaí bhí Fóram Gnó, Fóram Turasóireachta agus taispeántas leabhar ó Shanghai. Tionóladh ceolchoirm agus seó faisin chomh maith sa Halla Ceolchoirm chun an t-imeacht a cheiliúradh.

Duaiseanna Pobail agus Deonacha an Ardmhéara

Tugann na duaiseanna seo aitheantas do ghrúpaí, a ghlac ról mór ag feabhsú an caighdeán maireachtála dá bpobail trína dtiomantas do ghníomhaíocht dheonach agus phobail. Bronnadh na duaiseanna 2005 i Halla na Cathrach i Márta 2005 le beagnach 100 grúpa ainmnithe do dhuaiseanna.

Clochán Gharráin na mBráthar

Tá áis ealaíne phobail €1.6 milliún den scoth á thógáil a chuirfidh pointe seachadta seirbhíse ilúsáide ar fáil agus áis phobail inmharthana a bhfuil géar ghá leis. Cuireadh an fhorbairt seo ar aghaidh trí an phróisis RAPID i gcomhoibriú le hionadaithe an ghrúpa stiúrtha ón gceantar, ó Chomhairle Cathrach Chorcaí agus ó geallshealbhóirí eile.

An Clár RAPID

Ciallaíonn RAPID "Revitalising Areas through Planning, Investment and Development". Tá an clár á sheachadadh faoi láthair i 45 ceantar ar fud na tíre chun díriú ar mhíbhuntáiste agus chun seirbhísí a chomhtháthú i gceantair áitiúla.

Is iad na ceithre cheantar RAPID i gCorcaigh ná:

- Cnoc na hAoine/Cnoc an Chuilinn/Cnoc na Cille
- An Linn Dubh/An Gleann/Baile na mBocht
- Cnoc an Aonaigh/Garrán na mBráthar/ Fearann Rí
- An Tóchar/Machan

I ngach ceantar RAPID, tagann grúpaí pobail áitiúla agus cónaitheoirí le chéile chun an clár a phlé agus a ionadaithe a thoghadh dá Fhoireann Fhorfheidhmithe Cheantair. Tá a Comhordaitheoir Chláir féin ag gach ceantar RAPID a oibríonn leis an AIT chun gníomhaíochtaí sainiúla a phleanáil agus a chur chun cinn a dtabharfaidh aghaidh ar na riachtanais ina gceantar.

Sruthanna Maoinithe

SCÉIM FHEABHSAITHE TITHÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL (LAHES)

Dáileadh €100,000 do gach ceann de na ceithre cheantar RAPID do 2005-2006. I measc na dtionscadal a rinneadh faoin scéim tá tírdhreachtú, ballaí teorainn, feabhsú ar spásanna oscailte, ceantair le suí, soilsiú poiblí, agus maisiú sráide agus tá siad co-mhaoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Comhairle Cathrach Chorcaí.

FORBAIRT PÁIRC SÚGARTHA

I 2004 agus 2005 tugadh €552,000 chun áiseanna na páirce súgartha i ngach ceann de na cheithre cheantar RAPID a fhorbairt.

BEART COMHIONANNAIS DO MHNÁ – SRAITH RAPID

Dáileadh €1 milliún tríd an Bhirt Chomhionannais do Mhná go seacht tionscadail i gCathair Chorcaí ina dhiaidh próisis fhormhuinithe a ghlacadh go háitiúil.

CISTÍ LUAMHÁIN SLÁINTE

Trí mhaoiniú Luamháin Sláinte fuair ceithre cheantar RAPID timpeall €500,000 milliún do thionscadail bheaga sláinte agus pobail chun freastal ar riachtanais áitiúla.

CUNTAIS DÍOMHAOIN

Tugadh timpeall €1.7 milliún do thionscadail i gceantair RAPID i 2005. Téann deontais i raon ó €5,000 go dtí €485,000. Tá liosta iomlán de na dáiltí ar fáil ag www.dormantaccounts.ie

CAIPITEAL SPÓIRT

Tugadh thar €2 milliún i 2004/2005 do thionscadail trasna na ceithre cheantar RAPID. Tugadh 30% breise ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta do gach tionscadal a bhí formhuinithe ag RAPID AIT.

Aonad Cuimsitheachta Sóisialta

I 2005 rinneadh athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí 2004-5 agus leagadh amach tosaíochtaí nua do 2006. D'fhoilsigh an tAonad Cuimsitheachta Sóisialta i gcomhpháirtíocht le Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus le tacaíocht na Comhpháirtíochta Cathrach Chorcaí an "City of Difference: Mapping Social Exclusion in Cork". Leagann an tuarascáil amach na príomh thréithe déimeagrafacha, sóisialta agus eacnamaíocha de chathair Chorcaí agus díríonn sé ar chuimsitheacht agus éagothroime sóisialta.

Forbraíodh 'Including Cork', DVD faoi chuimsitheacht sóisialta ag an gCoiste Chuimsitheachta Sóisialta Chomhairle Cathrach Chorcaí i gcónaidhm leis an Aonad Cuimsitheachta Sóisialta agus an Roinn Pearsanra.

Críochnaíodh dhá cheann de na Tionscadail Eorpacha lena raibh an tAonad Cuimsitheachta Sóisialta bainteach:

1- Chuir an Tionscadal AE um Chuimsiú Sóisialta na nÚdarás Áitiúla Tuarascáil Athbhreithnithe Comhghleacaithe ar fáil faoi Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir leis an bpróiseas cuimsitheachta sóisialta agus athrú eagrúcháin agus cultúrtha.

2- Críochnaíodh an Tionscadal Eorpach an QUASI (Quality and Access as Factors in Improving Social Inclusion) le Comhdháil Eorpach ag Coláiste na hOllscoil Corcaigh. Ba í aidhm na comhdhála seo ná meabhraíocht a mhéadú faoin Eorpach, Náisiúnta agus áitiúil a ghlacann na Seirbhísí Sóisialta agus iad ag dul i ngleic le heisiamh sóisialta.

Community Development Grants 2005

Cumann Pobail Bhaile an Locha	€5,000	Síneadh Foirgnimh
Cumann Pobail Bhaile Féitheán	€25,000	Athchóiriú/soilsiú carrchlóis
Cumann Pobail Bhaile an Easpaig	€19,000	Síneadh Foirgnimh
Cumann Pobail na Linne Duibhe	€7,800	Oifig/Trealamh Slándála
CAN Corcaigh	€42,000	Riarachán
Cumann Pobail Fhearann Rí	€7,500	Fálú/cothabháil/troscáin
Cumann Pobail Bhaile na mBocht	€24,305	Trealamh Uasghrádaithe
Ógra Chorcaí	€42,000	Scéimeanna Samhraidh
Cumann Pobail Pharóiste an Deiscirt	€20,000	Athchóiriú
Cumann Pobail Naomh Iósaf	€15,000	Athchóiriú
Cumann Pobail an Tóchair	€8,500	Athchóiriú

Gnóthaí Corparáideacha

Clár na dToghthóirí

Déantar Clár na dToghthóirí go bliantúil. Is liosta é Clár na dToghthóirí de dhaoine atá thar 18 bliain d'aois ag cónaí sa chathair atá i dteideal vótáil i dToghcháin agus Reifrinn áitiúla, Dála, Parlaiminte na hEorpa agus Uachtaránachta.



2005/2006 Clár na dToghthóirí

Deontais Ardoideachais

Stiúrann Comhairle Cathrach Chorcaí na Scéimeanna Deontais Ardoideachais thar cheann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Tá deontais speisialta ar fáil do mhic léin faoi mhíbhuntáiste.

LEIBHÉAL GNÍOMHAÍOCHTA 2005

Iarratais nua (mic léinn ag dulisteach i gcoláiste)	536
Deontais Athnuaite	927
(le mic léinn atá sa choláiste cheana féin)	
Deontais Molta	902
Dámhachtain Cothabhála	80
Speisialta (nua)	80
Dámhachtain Cothabhála Speisialta (athnuachana)	252
Uasdheontas Cothabhála	€5,355

CAITEACHAS IOMLÁN

Deontas Cothabhála	€3.4Milliún
Deontas Cothabhála Speisialta	€400,000

Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre

Bhí Coiste Comhpháirtíochta an Ionaid Oibre Chomhairle Cathrach Chorcaí bainteach le roinnt tionscadail i rith 2005

ATHSHLÁNÚ NA GCOSÁN

Chríochnaigh dhá fhoireann sainithe d'fhoireann na Comhairle Cathrach sraith Scéimeanna Athchóirithe Cosán i rith míosa an tsamhraidh 2005. Ba é seo an ceathrú bhliain as a chéile ina dtugadh faoi scéimeanna.

FILLEADH AR OIDEACHAS

Thosaigh seacht fhostaí de chuid na Comhairle Cathrach cúrsa sé seachtain is fiche Filleadh ar Oideachas i Meán Fómhair 2005.

FÉASTA D'FHOSTAITHE SCORTHA

Bhí an féasta bliantúil d'fhostaithe scortha ar siúl sa Halla Ceolcoirm, Halla na Cathrach ar an 13ú Nollaig 2005. Rinneadh Bronntaí do roinnt fostaithe a d'éirigh as obair i 2005.

SEIRBHÍS ÉACÚIMÉINEACH D'FHOSTAITHE MARBH

Bhí an tSeirbhís Éacúiméineach d'fhostaithe marbh ar siúl sa Halla Ceolchoirm, i Halla na Cathrach ar an 23ú Samhain 2005. Ghlac ionadaithe ó cheithre eaglais páirt sa tseirbhís.

SCÉIM UM ÉIDE FOIRNE

Críochnaíodh an saincheist d'éide d'fhostaithe oifige i rith 2005.

UASGHRÁDÚ OIBREACHA UISCE NA CATHRACH

Lean cainteanna i rith 2005, maidir leis an uasghrádú molta d'Oibreacha Uisce na Cathrach.

FOCHOISTE CHUMARSÁIDE CHOMHPHÁIRTÍOCHTA

Chuir Fochoiste Chumarsáide Chomhpháirtíochta sé mholadh déag maidir le cumarsáid inmheánach laistigh den Chomhairle Cathrach. Táthar ag breathnú ar na moltaí.

CÚRAM CUSTAIMÉARA

Ag éirí ó na gníomhaíochtaí leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméara 2004 -2009 cuireadh tús le na rudaí seo a leanas i 2005

- Thosaigh Cúrsa Teanga Chomharthaíochta i Meán Fómhair 2005.
- Rinneadh Suirbhé Earnála Tráchtála i 2005.
- Tionóladh cúrsa Cúraim Chustaiméara nua atá deimhnithe ag FETAC i Meán Fómhair 2005.
- Lean traenáil ar mheabhraíocht mhíchumas i rith na bliana.

Chomh maith leis sin lean feidhmeanna laethúla na Roinne, ar nós feidhmiú na Deisce Fáilte, déileáil le ceisteanna an Ombudsman, srl.

Maoin

Déileálann an Roinn Maoine le bainistíocht mhaoin na Comhairle Cathrach ina n-áirítear:-

- Próiseáil / taifeadadh den cheannachán agus díolachán go léir de mhaoin na Comhairle Cathrach
- Riarachán na léasanna de mhaoin na Comhairle Cathrach ina n-áirítear cíosanna léasa san áireamh
- Comhordú na n-orduithe ceannacháin éigeantacha ó léarscáiliú tosaigh go dtí idirbheartaíocht
- Riarachán nósanna imeachta an Achta Suímh Thréigthe
- Riarachán na gcead slí srl.
- Reachtaíocht Trádála Sráide
- Margaí Comhairle Cathrach

Tá a lán de na seirbhísí atá á fheidhmiú ag an Roinn Maoine do stiúrthóireachtaí/roinne eile de chuid na Comhairle Cathrach ach cuirtear roinnt seirbhísí ar fáil go díreach don phobal.

Mar chuid de straitéis tithíochta na Stiúrthóireachta Tithíochta, phróiseáil an Roinn Maoine an ceannachán de 83 teach i 2005.

Stiúrann an Roinn Clár Suímh Thréigthe na Comhairle Cathrach (bhí 40 suíomh ar an gClár ag deireadh 2005), chomh maith le dul i mbun gnóthaithe éigeantacha faoin Acht Suímh Thréigthe 1990 (10 gnóthú éigeantacha i 2005). Thionól grúpa oibre idir-rannach go rialta i 2005 chun athbhreithniú a dhéanamh ar dul chun cinn maidir le suímh thréigthe, agus suímh tosaíochta a aithint do ghnóthú.

Chuir an Roinn leis an bPlean Gníomhaíochta Shráid Mhargadh an Arbhair, ina bhfuil straitéis mhargaidh sráide le bheith tarraingthe suas ag an gComhairle Cathrach, a bhaineann leis an gceantar corrthrádála ar Shráid Mhargadh an Arbhair/ Sráid Kyle.

Fuair an Roinn tailte mar a bhí ag teastáil don Chomhairle Cathrach i rith 2005, suímh don Uasbhealach Bhóthair Chionn tSáile san áireamh, gnóthú éigeantach de tailte ag Crosaire Victoria, agus maoin do Mháistirplean Chnoc na hAoine. I rith 2005, rinne an roinn, 100 diúscairt maoine a phróiseáil, a léarscáiliú agus a thaifeadadh, in éineacht le 35 diúscairt táille úis bhreise.

Cúrsaí Cumarsáide

Riarann an Roinn Cumarsáide caidreamh na Comhairle Cathrach Chorcaí leis an bpobal, le heagraíochtaí eile, leis na meáin - áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta – agus leis an bhfoireann, le tacaíocht na n-Oifigigh Idirchaidrimh Chumarsáide na Comhairle Cathrach. Eisíodh preasráitis maidir le Fáiltí Cathartha, Saoirse na Cathrach, oscailtí oifigiúil srl. agus tógadh grianghraif do chartlann ghrianghraf na Comhairle Cathrach. San áireamh le foilseacháin a tháirgeadh bhí Bliainiris & Dialann Bhliantúil, Dialann Phóca, Nuacht na Cathrach (seachadta go teaghlaigh sa chathair) agus FOCUS (nuachtlitir foirne). Bhí monatóireacht ar ábhar suímh idirlín na Comhairle Cathrach www.corkcity.ie agus inlín chomh maith le chur chun cinn na Comhairle Cathrach trí fhógraí i bhfoilseacháin áitiúla agus náisiúnta san áireamh freisin sa chlár Cumarsáide 2005.

AN ACHT TEANGA 2003

Cheap Comhairle Cathrach Chorcaí Oifigeach Gaeilge i Márta 2005 le freagracht as forfheidhmiú scéime na Comhairle chun a dualgais faoi An Acht Teanga 2003 a chomhlíonadh. Rinneadh iniúchadh ar scileanna teanga Gaeilge na foirne i Lúnasa. Thacaigh an Chomhairle Cathrach eagraíochtaí, foilseacháin agus imeachtaí a thacaigh teanga na Gaeilge. Tugann Ciorcal Comhrá (bord cainte Ghaeilge) sa cheaintín foirne, i Halla na Cathrach, spreagadh don fhoireann a gcuid Gaeilge labhartha a chleachtadh. Fuair foireann agus leanaí foirne tacaíocht airgeadais chun freastal ar Choláiste Gaeilge trí scéim Gaeleagras atá maoinithe ag an Rialtas agus trí chlár tacaíochta na Comhairle Cathrach freisin.

SAORÁIL FAISNÉISE

Tháinig líon na n-iarratas a fuarthas i 2005 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 go dtí 38. Seo a leanas miondealú de na sonraí

Faighte	38
Pearsanta	10
Neamh Phearsanta	28
Tugtha	16
Tugtha i bpáirt	4
Diúltaithe	15
Tarraingthe siar agus láimhsithe lasmuigh den SF	1
Tugtha ar aghaidh ó 2004	2
Curtha ar aghaidh go dtí 2006	4
Iarratais ar athbhreithniú inmheánach	2
Achomhairc déanta d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise (ina n-áirítear 2 bainteach le 2004)	4

Forbairt Cheantar na nDuganna

Tá forbairt na nDuganna mar cheann de na príomh-eilimintí atá sa Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (P.S.C.C) 2004. Feictear ar athfhorbairt an cheantair mar phríomh fhachtóir i bhfás Cathrach Chorcaí.

Bunaíodh Stiúrthóireacht na nDuganna in aitheantas de thábhacht an tionscadail athghiniúna na nDuganna. Is é cuspóir Stiúrthóireacht na nDuganna ná:

"to actively encourage, influence and facilitate the development of Cork Docklands as a new high density mixed-use urban quarter where people, knowledge and innovation will flourish, thereby supporting Cork's ambition as a confident, competitive, friendly city of the 21st Century".

D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, oibreoidh Stiúrthóireacht na nDuganna go dlúth le Stiúrthóireachtaí eile laistigh den Chomhairle Cathrach agus le geallshealbhóirí seachtracha.

Imlíníodh fís fhadtéarmach don athbheoú agus athbhreith éifeachtach de Cheantar na nDuganna laistigh de Straitéis Forbartha Cheantar na nDuganna, 2001. Beidh Ceantar na nDuganna láraithe ar dhaoine agus ar chonláiste le timpeall 6,000 teach nua. Beidh sé ina láthair an-tarraingteach chomh maith d'úsáidí trádála le cumas acmhainne 560,000m^2 de spás neamhchónaitheach d'oifigí, d'institiúidí oideachais, do siopaí miondíola chomh maith le háiseanna cultúir agus áineas.

Mhalartaigh Plean Forbartha Cathrach Chorcaí 2004 an fhís seo isteach in úsáid talún agus cuspóirí forbartha agus mhol sé an ullmhúchán de dhá Phlean Ceantair Áitiúla do Cheantar na nDuganna – ceann de na Duganna Thuaidh, agus ceann eile de na Duganna Theas, d'fhonn treoir forbartha níos mionsonraí a chur ar fáil. Ina theannta, tá an Stiúrthóireacht ag leanúint tionscnaimh eile go gníomhach.

Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Thuaidh 2005

Tá Stiúrthóireacht Cheantar na nDuganna freagrach as comhordú an fhorfheidhmithe agus seachadadh na gcuspóirí den Phlean Ceantair Áitiúil na nDuganna Thuaidh, 2005. Leagann an Plean amach moltaí don aistriú de cheantar na nDuganna Thuaidh den chathair, a bhfuil an cumas aige eirí ina gceantar uirbeach rathúil nua, tarraingteach do ghnó, chomh maith le bheith ina háit do dhaoine chun cónaí, oibriú agus cuairt a thabhairt air. Tá raon leathan úsáidí molta ina n-áirítear líon suntasach de spás urláir trádála, timpeall 1500 teach cónaithe nua, ionad imeachtaí / comhdhála náisiúnta nua ag Stáisiún Cheannt agus ceantar conláiste cois chéibhe. Ina theannta, tá feabhsaithe iompair móra molta ina n-áirítear Stáisiún Traenach Cheannt athchóirithe le haghaidh amach ar Abhann na Laoi, bealaí coisithe nua agus córais tráchta dhá threo nua.

Plean Ceantair Áitiúil na nDuganna Theas

Tá foireann ildisciplíneach ceaptha chun Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú (ag ionchorprú Dearadh Tírdhreacha/Straitéis Chúrsaí Poiblí agus Straitéis Bhonneagair) do Cheantar na nDuganna Theas. Leathnóidh agus forbróidh an P.C.A. seo an chreatlach phleanála, polasaithe forbartha agus cuspóirí atá ann anois go níos mionsonraí atá le fáil i Cork Docklands Development Strategy 2001 agus an Plean Forbartha Chathair Chorcaí, 2004 chomh maith le polasaithe agus ábhair eile abartha. Ina theannta, beidh comhairliú le príomh gheallshealbhóirí i gceantar na nDuganna Theas san áireamh le hullmhú an P.C. A. Beidh an P.C. A a thiocfaidh de thoradh ar sin mar fhócas chun forbairt an cheantair a chur ar aghaidh trí threoir shoiléir a sholáthar don fhorbairt agus forfheidhmiú straitéise forbartha aontaithe. Cuirfear Dréacht Phlean ar thaispeáint go poiblí sa bhfómhar 2006.

Staidéar Eacnamaíoch

D'fhonn na réadúlachtaí eacnamaíocha d'fhorbairt na nDuganna agus chun réitigh mhaoine a thaiscéaladh tá DTZ Pieda coimisiúnaithe ag Stiúrthóireacht na nDuganna chun Staidéar Scóip Eacnamaíoch a ullmhú don cheantar a:

- sholáthróidh paraiméadair eacnamaíocha treorach don athghiniúint foriomlán de na Duganna;
- a aithneoidh na príomh earnálacha a thugann deiseanna fostaíochta a thógfaidh ar phríomh thréithe agus iomaíochas Chorcaí;
- a chainníochtóidh na riachtanais spásúla agus cumraíochta chun éascú a dhéanamh úsáidí molta aitheanta;
- a thaispeánfaidh na deiseanna trádála do na hinfheisteoirí agus na forbróirí poitéinsiúla príobháideacha agus poiblí

Tionscadal S.U.R.C.H.

Tá Stiúrthóireacht Cheantar na nDuganna ag glacadh páirte faoi láthair i dtionscadal A.E. (S.U.R.C.H. – Cuimsitheacht Sóisialta in Athghiniúint Uirbeach trí Oidhreacht Cultúrtha) forbartha faoin gClár Tionscnaimh Phobail URBAN II. Is í aidhm fhoriomlán an Chláir ná gníomhaíochtaí agus polasaithe uirbeacha a fheabhsú chun dul i ngleic go héifeachtach le na mórán fadhbanna i suímh uirbeacha trí mhalartú faisnéise agus taithí. Is é Valletta, (Malta) an Chéad Pháirtí Chathrach ar an Tionscadal le cathracha páirtíochta eile ná An Aithin, (An Ghréig); Corcaigh; Kaunas (an Liotuáin); agus Nicosia (An Chipir).

Staidéir Infrastructúr

Tosaíodh roinnt tionscnaimh bhonneagair i 2005 a chuirfidh eolas ar fáil do Phlean Ceantar na nDuganna Theas:

- Críochnaíodh an Staidéar Féidearthachta faoin Soláthar Uisce ag comhairleoirí agus ainmníodh feabhsuithe straitéiseacha don ghréasán soláthair uisce chun soláthar uisce sásúil a chur ar fáil do na Duganna Thuaidh agus Theas araon.
- Críochnaíodh Staidéar Féideartha Draenála Uisce Dromchla chomh maith agus d'aithin sé na heasnaimh sa chóras draenála i gCeantar na nDuganna chomh maith le na huasghrádú riachtanacha a mholadh agus an fhorbairt de Chórais Draenála Uirbeacha Inmharthana (SUDS).
- Cuireadh tús le Staidéar Truaillithe Ceantar na nDuganna i Lúnasa 2005 agus tá an staidéar deisce de Phas 1 críochnaithe ag comhairleoirí. D'aithin an staidéar seo ceantair eile a raibh tuilleadh fiosraithe ag teastáil uatha i bPas 2 den staidéar bunaithe ar na húsáidí stairiúla den suíomh.
- D'aontaigh Oifig na nOibreacha Poiblí dul i mbun staidéir de dhobharcheantar iomlán Abhann na Laoi. Tá an acmhainn do thuile taoide mar phríomh eilimint agus beidh an ceantar seo mar fhócas tosaíochta den staidéar.
- Tá an Tuarascáil Féidearthachta faoi chríochnú an Droichid Shráid an Uisce beagnach críochnaithe. Tá crosairí uisce nua ina bpríomh eilimintí san soláthar rochtana de Cheantar na nDuganna.

Suíomh Idirlín

Tá breis eolais faoi dhul chun cinn na dtionscadail thuas ar fáil ón suíomh idirlín:

www.corkcity.ie/DOCKLANDS


Lifetime Lab
Promoting Understanding, Building a Better Future
afascinating insight into energy and environmental issues...
OFFICIAL LAUNCH

Comhshaol

An tSaotharlann Buanbheatha (Lifetime Lab)

D'osclaíodh an tSaotharlann Buanbheatha ag Oibreacha Uisce Bhóthar na Laoi go hoifigiúil ag an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an 14ú Deireadh Fómhair, 2005.

Tá an áis seo ina tarraingt oideachais, cultúrtha agus oidhreachta luachmhar a áiríonn ionad cuairteoirí le haonaid taispeántais idirghníomhacha, ionad gaile, oifig chomhairle fhuinnimh, ionad acmhainne scoile chomh maith le páirc súgartha le téama eolaíochta. Faigheann na foirgnimh go léir a dteas agus aibhléis ó acmhainní in-athnuaite.

Trealamh Dramhaíola Leictreachais agus Leictreonach (TDLL)

Tugadh isteach áiseanna don taisceadh de Threalamh Dramhaíola Leictreachais agus Leictreonach ag an Ionad Conláiste Cathartha, Bóthar Chionn tSáile.

Plean Bainistíochta Dramhaíola

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Dramhaíola i 2005 faoin Acht Bainistíochta Dramhaíola (Leasú) 2001. Leagann an plean seo, atá bunaithe ar an Straitéis Bainistíochta Dramhaíola bunaidh a ghlac na Comhairlí Cathracha agus Contae araon, amach cuspóirí agus moltaí na Comhairle Cathrach do Bhainistíocht Dramhaíola sa chathair don tréimhse 2004-2009.

Bailiúcháin Athchúrsála Tirim Teaghlaigh

Críochnaíodh an pas deireanach de thabhairt isteach an Bhailiúchán Athchúrsála Tirim Teaghlaigh i rith 2005. Aistríodh breis agus 5000 TPA ó líonadh talún sa tionscadal seo.

Glanadh Guma Coganta

Glanadh Guma Coganta ó Shráid Phádraig i 2005 ar chostas de €30,000.

Duais Náisiúnta don Sráid Siopadóireachta is Fearr

Bhuaigh Sráid Phádraig an Duais Náisiúnta na Scéime Chomharsanachta don Sráid Siopadóireachta is Fearr a bhí eagraithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Príomh Scéim Dhraenála Chorcaí

Chun cloí le Treoir Chóireála Uisce Dramhaíola an EU agus Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an Rialtais, tá Príomh Scéim Dhraenála Chorcaí críochnaithe ag an gComhairle Cathrach. Tá an Scéim comh-mhaoinithe ag Ciste Comhtháite an Aontais Eorpaigh agus Plean Forbartha Náisiúnta an Rialtais tríd an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Chosain Príomh Scéim Draenála Chorcaí thar €300m.

Le críochnú an Phríomh Scéim Chorcaí, tá athrú iomlán ar chóireáil agus diúscairt séarachais uirbeach ar bun anois, le gach séarachas salach á chóireáil agus á dhiúscairt sa chuan uachtarach seachas a bheith á dhiúscairt go díreach, gan cóireáil isteach sa Laoi laistigh den chathair. Tá stáisiún taosctha mór nua ag Atlantic Pond, Ceannsheomra ag Baile an Iúir, Siofóin ag Teach an Chustaim agus Loch Mhachan agus ceathair teach taosctha déag breise bainteach leis seo. Tá an Gléasra Cóireála nua ag Carraigrenan á fheidhmiú ar bhonn conartha ag Northern Lyonnaise Ltd. thar cheann an Ghrúpa Comhfhiontair a fuair an conradh chun an gléasra a dhearadh, a thógáil agus a fheidhmiú. Mar thoradh den obair seo tiocfaidh feabhas suntasach ar uiscí na Laoi, Loch Mhachan agus ar an gCuan Íochtarach.

Uasghrádú Oibreacha Uisce Bhóthar na Laoi

Tá cead DOEHLG eisithe chun dul ar aghaidh leis an scéim thuas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (2001-2006). Tá an Scéim liostaithe sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005 – 2007 le dáileadh de €15.3 milliún.

Feiceann an scéim feabhsuithe ar scála mór agus uasghrádú na nOibreacha Uisce Bhóthar na Laoi de gheall ar an ngléasra a nuachóiriú agus a chinntiú go leanann caighdeán an uisce óil a bheith i lán géilliúlacht le Treoir um Uisce Óil an AE agus go gcomhlíonann an Gléasra riachtanais Comhshaoil.

Soláthar Forlíontach Molta

Tá cead faighte don phleanáil de phríomh líne ó Scéim Uisce Ghlaise Buí (An tOileán Beag) go dtí Eastát Tionsclaíochta Tivoli d'aidhmeanna múchta dóiteáin agus don fhorbairt de sholáthairtí atá ann faoi láthair. Tá €2,040,000 tugtha sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005 – 2007 don scéim seo.

Comhairle Cathrach Ag Feabhsú A Soláthar Uisce

Athshlánú Príomh Linnte Uisce

San áireamh sa Chlár Infheistíochta Caomhnaithe Uisce tá dáileadh de €13.03 milliún d'oibreacha athshlánaithe i gcathair Chorcaí. Tá faid suntasacha de phríomh linnte uisce athnuaite nó athshlánaithe i gcónasc le Conarthaí Príomh Scéim Draenála Chorcaí agus scéimeanna feabhsaithe sráide eile m.sh. Sráid an tSeandúin agus Sráid Chúrsa an Uisce.

Tá Réamh-Thuarascáil ar riachtanais athshlánaithe an Ghréasáin Dáilte Uisce curtha ar aghaidh don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le bheith formheasta.

Ceantar Forbartha na nDuganna

Coimisiúnaíodh comhairleoirí chun staidéir féidearthachta a dhéanamh chun soláthar uisce feabhsaithe agus scéimeanna draenála a chur ar fáil i gCeantar Forbartha na nDuganna. Tá €10.1milliún tugtha don obair seo faoin Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2004-2006. Tá Staidéir Féidearthachta faoi sholáthar uisce agus draenáil uisce dromchla Cheantar na dDuganna faighte.

Tá suim de €5.2 milliún san áireamh sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005 – 2007 maidir leis an eilimint sholáthair uisce de Sholáthar na nDuganna. Tá Mionteagaisc Dearaidh ullmhaithe don Cheapachán d'Innealtóir Comhairle chun Réamh-Thuarascáil faoin soláthar uisce a ullmhú.

Staidéar Straitéiseach Soláthair Uisce Contae Chorcaí (An Roinn Theas) agus Cathrach Chorcaí.

Faoin Chlár Infheistíochta na Scéime Seirbhísí Uisce (2005 - 2007) tá €1.37 milliún tugtha ag DOEHLG don ullmhúchán de Staidéar Uisce Straitéiseach do Roinn Theas Chomhairle Contae Chorcaí agus Cathrach Chorcaí. Roghnaíodh Innealtóirí Comhairleacha R.P.S., Inis Mór, Baile an Chollaigh chun an staidéar a dhéanamh. Beidh tuarascáil dheiridh réidh i lár 2006.

Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005–2007

Faoi Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce an Rialtais 2005-2007:

a) tá €15.3 milliún curtha ar fáil d'athchóiriú na nOibreacha Uisce Bhóthar na Laoi

b) tá €4,490,000 curtha ar fáil don sholáthar de thaiscumar stórála uisce nua ag an tSeanchoill

c) tá €1,730,000 curtha ar fáil don athchur de na sean linnte uisce go dtí Taiscumar na Seanchoille

d) tá €10,300,000 curtha ar fáil do Scéimeanna Draenála agus Uisce na nDuganna.

e) tá €1,370,000 curtha ar fáil do Staidéar Straitéise Uisce na Comhairle Contae Chorcaí (An Roinn Theas agus Cathair Chorcaí)

f) tá €2,040,000 curtha ar fáil don tógáil den phríomhlíne an Oileáin Bhig go dtí Tivoli.

Coiste Polasaí Straitéiseach

Bhí ceithre chruinniú Comhshaoil SPC i 2005.

I measc na mír a mheas an SPC bhí:

- Athbhreithniú ar dhoiciméad polasaí Bord Forbartha na Cathrach Chorcaí "Imagine Our Future"
- Tionscadal Abhantracha an Iardheiscirt - 2 ball ainmnithe don Chomhairle Comhairleach
- Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair

Tithíocht agus Pobal

Easpa Dídine

Críochnaíodh athbhreithniú ar an Straitéis Comhtháite Easpa Dídine bhunaidh do Chorcaigh agus seoladh straitéis nuashonraithe i 2005. Léirigh an Straitéis nua gluaiseacht ón soláthar díreach de chóiríocht easpa dídine i dtreo béim níos láidre ar chosc agus briseadh an chiogail easpa dídine.

I 2005 cuireadh Forhalla ar fáil do dhaoine óga in aois 18-25 atá gan dídean nó atá i mbaol a bheith gan dídean. Le tacaíocht leathan ó ghníomhaireachtaí Stáit, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, FÁS, an CGO agus Bord Fiontair na Cathrach san áireamh, beidh an áis ag tairiscint cur chuige comhtháite ar riachtanais dhaoine óga ag ligean dóibh aistriú ó mhaireachtáil spleách go maireachtáil neamhspleách. Cuirfidh sé cóiríocht inacmhainne, treoir agus tacaíocht ar fáil chomh maith le rochtain ar dheiseanna foghlama, fostaíochta agus traenála. Tá hocht aonad cóiríochta déag laistigh den Fhorhalla.

D'fhormheas an Chomhairle Cathrach an fhoráil de thionscadal geata a chuimsíonn áis cheathair leaba déag do dhaoine a chodlaíonn amuigh i 2005. Is í aidhm an tionscadail mholta ná dul i ngleic le saincheist na heaspa dídine ar na sráideanna agus deireadh a chur le coladh amuigh i gCathair Chorcaí.

Scéim Cóiríochta Cíosa

I 2005, bunaíodh an tAonad Cóiríochta Cíosa chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais tithíochta de fhaighteoirí forlíonadh cíosa faoin Scéim Liúntais Leasa Forlíontach. Sna socruithe nua beidh Comhairle Cathrach Chorcaí ag glacadh freagrachta as loistín a thabhairt d'fhaighteoirí an fhorlíonaidh chíosa ar feadh ocht mhí dhéag as a chéile atá á mheas le riachtanas tithíochta fadtéarmacha a bheith acu. Áireoidh sé seo cóiríocht a lorg ón mhargadh príobháideach cíosa nó trí bhearta tithíochta sóisialta eile.

An Lucht Taistil

Ghlac an Chomhairle leis an gClár Cóiríochta don Lucht Taistil 2005-2008 i bhFeabhra 2005. Imlíníonn an Chlár seo, atá mar chuid de raon leanúnach trasna an chéad ceann de phlean dá leithéid, ag clúdach an tréimhse 2000-2004, agus pleananna don todhchaí, polasaithe, tionscnaimh straitéiseacha agus bearta forfheidhmithe a fhreastalóidh ar riachtanais an lucht taistil sa ghearrtéarma agus sa mheán téarma, ach atá cuí, indéanta agus intomhaiste.

D'oscail an tUachtarán Máire Nic Ghiolla Íosa Scéim Ghrúpa Tithíochta go foirmiúil i Márta 2005 i Machan do chónaitheoirí an Láithreáin Staid Mhachain. Tá an scéim déanta suas de hocht bungaló cheithre sheomra leapa, bungaló amháin le trí sheomra leapa agus trí bhá staid. Tá bloc seirbhíse ag gach bá staid déanta suas de chistin/seomra suí, leithreas agus seomra fóntais. Tá sé deartha do na caighdeáin tógála is airde agus tugann sé tithíocht do dhá ghrúpa teaghlaigh. Forálann an scéim chomh maith do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus d'áis phobail do chruinnithe nó gníomhaíochtaí grúpa.

Caipiteal Tithíochta

Críochnaíodh 254 aonad nó bhíodar beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2005

■ 5 & 6 Sráid Bhaile Mhic Thomáis	4 aonad
■ 21 Sráid an tSéipéil	2 aonad
■ Forthalla, An Linn Dubh	18 aonad
■ Céide Ghleann na Gréine	8 aonad
■ Lána Wherland	10 aonad
■ Tobar Naomh Eoin	7 aonad
■ Tionscnamh Athghiniúna an Ghleanna	48 aonad
■ Regina Mundi	39 aonad
■ Céide Berlingford	42 aonad
■ Talún Úí Chathasaigh	46 aonad
■ Cnocán Naomh Iosáf Pas II	30 aonad

Leanfaidh na mór scéimeanna seo a leanas i 2006:

■ An tSeandún	35 aonad
■ Bóthar na Cliarscoile	31 aonad
■ Páirc na bhFianna	29 aonad
■ Crosaire Tuirnéir	18 aonad
■ Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh	47 aonad
■ Teach Rinn Mhachan	16 aonad
■ Cnoc na hAoine	45 aonad
■ Bráithre na Carthanachta	8 aonad
IOMLÁN	**229 AONAD**

Ceannachán Tithíochta

Tá an ceannachán maoine chun freastal ar riachtanais tithíochta i líne le polasaí rialtais chun deighilt shóisialta a fhrithbheartú. I 2005, d'aontaigh Comhairle Cathrach Chorcaí téarmaí ceannacháin do 100 teach.

Tithíocht Inacmhainne

Seo a leanas an suíomh maidir leis an ngníomhaíocht reatha sa soláthar de thithíocht inacmhainne:

SCÉIMLÍON	NA NAONAD	STÁDAS
Talún Uí Chathasaigh	53	Á Thógáil
An Linn Dubh	20	Á Thógáil
Lána Cnoic an Chuilinn	21	Obair Críochnaithe
Glenfields	23	Obair Críochnaithe
Gort Uí Bhuachalla	32	Obair Críochnaithe
Céide Berlingford	14	Obair Críochnaithe
Lána Cnoic an Chuilinn II	28	Á Thógáil
An tSeanchoill	287	Cuid 8 Pleanáil Ceadaithe
Iomlán		**478**

Tithíocht Dheonach

Tá maoiniú don soláthar de chóiríochta ag an Earnáil Dheonach ar fáil faoin Scéim Chúnaimh Chaipitiúil agus an Scéim Iasachta Chaipitiúil agus Fóirdheontais. Tá tábhacht na hEarnála Deonaí aitheanta agus aschur na cóiríochta á uasmhéadú chun freastal ar riachtanas tithíochta sóisialta agus go háirithe ag freastal ar riachtanais speisialta agus cóiríocht dídine.

Tá gníomhaíocht ag an Earnáil Dheonach méadaithe go suntasach le blianta beaga anuas agus lean an dul chun cinn seo i rith 2005 le tionscadail breise sceidealta le tosú i 2006. Tá achoimre scéimeanna tugtha anseo thíos:

Scéim Iasachta Caipitiúil agus Fóirdheontais

SCÉIM	LÍON NA NAONAD	STÁDAS
Cumann Tithíochta Cluid-An Lána Leathan, An Linn Dubh	28	Á Thógáil
Respond! Tithíocht Dheonach-Árasáin na Linne Duibhe	12	Obair Críochnaithe
Iomlán:		**40**

Scéimeanna Cúnaimh Chaipitiúla:

SCÉIM	LÍON NA NAONAD	STÁDAS
Teach Almsan Scidí	15	Obair á Leanúint
Respond! Tithíocht Dheonach-An Linn Dubh	50	Obair Críochnaithe
Seanóirí Bhaile an Easpaig	25	Obair Críochnaithe
Tithíocht Dídean	39	Á Thógáil
Cumann Tithíochta An ttSean Bhaile	11	Obair Críochnaithe
Respond! Tithíocht Dheonach - 28/29 Sráid Bhaile Átha Cliath	12	Cuid 8 Pleanáil Ceadaithe
Respond! Tithíocht Dheonach – Sráid Thomáis Dáibhis	7	Obair á Leanúint
Comhluadar Shíomóin Chorcaí-An Linn Dubh	12	Obair Críochnaithe
Fondúireacht COPE	36	Obair Críochnaithe
Teach Oscailte – Sráid Liatroma	14	Leis an Roinn le bheith formheasta
Iomlán		**221**

Tá iomlán de 1,222 aonad sa Chreatlach Forála faoi láthair.

Clár Athchóirithe

Clár Teas Lárnach - I 2005, ghlac an Chomhairle Cathrach Chorcaí le cúnamh na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil faoi clár oibre chun teas lárnach gáis a chur isteach do na tionóntaí tithíochta go léir thar aois a seasca. Críochnaíodh timpeall 240 tráthchuid i 2005 ar chostas de €1.3m.

Cuireann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 80% den chostas ar fáil le 20% á chur ar fáil ó acmhainní na Comhairle Cathrach Chorcaí féin. Chomh maith leis an suiteáil de theas lárnach, d'áirigh an obair an fhorail d'insliú áiléir agus aláraim deataigh chomh maith.

An Gleann – Críochnaíodh an obair ar Phas 1 don Tionscadail Athghiniúna an Ghleanna. Tá scrios an choimpléisc árasáin chun Pas II den Tionscadal a éascú ar siúl faoi láthair.

Máistirphlean Chnoc na hAoine – Thosaigh obair ar Bhloc D, Cnoc na hAoine ar chostas buiséid iomlán de €21m.

An Tóchar – Carraig an Déin – Tá folmhú na n-árasán beagnach críochnaithe de gheall ar an Tionscadal a chur chun cinn faoi shocrú Comhpháirtíochta Poiblí Príobháideach.

Céide Gleann na Gréine & Árasáin Cushing – Fuarthas cead pleanála Cuid 8 i 2005 agus tosóidh obair tógála i 2006.

Coiste Polasaí Straitéiseach

Tionóladh dhá chruinniú SPC Tithíochta agus Pobail i 2005.

I measc na mír a phléigh an SPC bhí:

- Breathnú na Próifíle Tionóntaí de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí
- Athbhreithniú ar Mheasúnú Tithíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí 2005
- Dáileadh Caipitiúil Tithíochta de chuid na Comhairle Cathrach Chorcaí 2005
- Athbhreithniú den Scéim Chóiríochta Cíosa

Córas Faisnéise

Bhí r-rialtas ina phríomh thosaíocht don Roinn CF i 2005. Forbraíodh roinnt seirbhísí ar-líne nua agus feabhsaithe. Mar thoradh díreach den iarracht seo, fuair an Chomhairle Cathrach dhá ghradam náisiúnta dá suímh idirlín (féach thíos le haghaidh sonraí).

Is í 2005 an dara bhliain de straitéis cheithre bliana CF, a d'aithin 10 tionscadal tosaíochta. Chuaigh ceann amháin de na tionscadal, foilsiú den chlár pleanála ar líne beo i Meán Fómhair. Ligeann an áis fiosraithe nua seo don phobal iarratais pleanála a lorg agus a fheiceáil agus na léarscáileanna gaolta nó na grianghraif aeir den cheantar.

Go hachoimre, d'éirigh leis na ceithre foirne (an fhoireann fheidhmithe airgeadais, an fhoireann riaracháin ghréasáin, an fhoireann iarratais ghinearálta agus an fhoireann léarscáilíochta faisnéise agus an fhoireann chórais oibríochtaí) seirbhís phoiblí nua agus níos fearr a chur ar fáil. Thug roinnt de na foirne trí bhonneagar nó feidhmithe nua a chur ar fáil trasna na heagraíochta, fad is a d'fheabhsaigh foirne eile inrochtaineacht don Chomhairle Cathrach trí sheirbhísí ar líne níos fearr tríd na suímh idirlín. Tacaíonn a gcuid oibre na cuspóirí den phlean straitéise CF 2004 – 2007 agus Plean Corparáideach na Comhairle Cathrach Chorcaí 2004 – 2009 araon.

Córas Airgeadais

Ghabh an rannóg Iarratais Airgeadais faoi roinnt tionscnaimh chun tacaíocht a thabhairt don leathnú de chlár r-Rialtais cuimsitheach. San áireamh sna tionscnaimh seo bhí:

- Forfheidhmiú Chórais Bhainistíochta Ticéid Cúirte, ag seasamh don phas deireanach de réiteach bainistíochta um fhíneálacha páirceála nua-aimseartha cuimsitheacha.
- Réiteach nua ar líne chun ligean do Chomhairle Cathrach Chorcaí dul i mbun oibre le soláthraithe ionchasacha do luachálacha a fháil d'earraí agus do sheirbhísí chun praghas iomaíochta a chinntiú do cheannacháin.
- Tugadh isteach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, córas Cárta Ceannacháin Luach Íseal.
- Ag tástáil Córas r-Comhairleach a cheadóidh aighneachtaí do chomhairliú poiblí ar-líne faoi thionscnaimh Chomhairle Cathrach Chorcaí.
- Córas bainistíochta Bruscar Tráchtála nua le comhtháthú agus comhéadan le na córais airgeadais reatha san áireamh.

Foireann Fhorfheidhmithe Ginearálta

Bhuaigh suíomh idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí, www.corkcity.ie, dhá ghradam náisiúnta i 2005. Fuarthas Gradam Golden Spider i mí na Samhna, ar son an suíomh idirlín rialtais áitiúil is fearr agus ag duaiseanna rRialtais na hÉireann; bhuaigh Comhairle Cathrach Chorcaí an duais nuálaíochta idirlín an rialtais áitiúil is fearr. Choimisiúnaigh na stiúrthóireachtaí Comhsaoil, Pobail & Fiontair, Áineas, Conláiste & Cultúr agus Pleanáil & Forbairt suímh idirlín nua. D'úsáideadh iad seo chun béim a chur ar phríomh thionscadail agus imeachtaí i rith 2005 (www.lifetimelab.ie, www.connectcork.ie agus www.corkcity.ie/heritage).

I measc tionscadail suntasacha eile a baineadh amach i 2005 tá;

- Athbhreithniú straitéiseach, comhdhlúthú agus aistriú roinnt bunachair sonraí SQL criticiúla go dtí an Gréasán Ceantar Stórála (GCS) nua
- Forbairt feidhmithe nua i .NET, m.sh. Clár na dToghthóirí, Reiligí, Suirbhé Custaiméara, Bainistíochta Feidhmíochta agus Córais Forbartha (CFBF) agus cinn eile;
- Forfheidhmiú an chórais bainistíochta doiciméid laistigh den Stiúrthóireacht Forbartha agus Pleanála.

Foireann Léarscáilithe Faisnéise agus Córais Oibríochta

Le blianta, ba dhúshlán é slí a fháil chun rochtain easca a thabhairt don fhoireann trasna na heagraíochta chun teacht ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna. I rith 2005, le cúnamh an Autodesk Map Guide is féidir le foireann na Comhairle Cathrach féachaint ar fhaisnéis breactha i gcoinne léarscáileanna Suirbhé Ordanáis go héasca, trí inlín na foirne, m.sh. iarratais pleanála, sonraí uisce agus draenála. Ag an am gcéanna tugadh isteach roinnt feidhmithe nua a bhaineann úsáid as teicneolaíocht atá bunaithe ar léarscáileanna chun faisnéis a ghabhail agus a thaispeáint trasna na heagraíochta do na stiúrthóireachtaí Bóithre agus Comhshaoil.

I rith 2005 bunaíodh deasc sainithe chun an comhshaol deisce a bhainistiú. Rinne an fhoireann seo idirbheartaíocht ar comhaontú ceadúnais nua, conarthaí soláthair nua agus riar sí an athchur de níos mó ná 180 ríomhaire fad is a bhí sí ag tacú le iarratais an deisce cabhrach ó 750 úsáideoir trasna 25 suíomh. Cuireann siad deasc cabhrach nua agus córas bainistíochta sócmhainne i bhfeidhm freisin a thaifeadadh os cionn sé mhíle glaoch i rith na bliana.

Foireann Riaracháin Ghréasáin

Tá an fhoireann seo creidiúnaithe leis an soláthar de chomhshaol gréasáin daingean agus sábháilte trasna 25 iar-shuíomh.

San áireamh le roinnt de na tionscadail móra a cuireadh i bhfeidhm ag an rannóg Riaracháin Ghréasáin i rith 2005 bhí;

- Insealbhú StorageTek Gréasán Ceantar Stórála agus Brightstor Centralised Backup chun Sonraí a Chosaint.
- Nasc uasghrádaithe ó Stáisiúin Dóiteáin Baile Uí Mhaoláin go dtí Halla na Cathrach go Nasc Ceadúnaithe 36 Meigighiotán.
- Nasc uasghrádaithe ó Gharáiste na Comhairle Cathrach/Suíomh Líonta Talún go dtí Halla na Cathrach go Nasc Ceadúnaithe 36 Meigighiotán.
- Córas Slándála Ríomhphoist uasghrádaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar gach Ríomhphost.
- Tabhairt isteach de bhogearraí monatóireachta ar gach Gréasán de chuid na Comhairle Cathrach.
- Leabharlann Bóthar na mbuaircíní nua curtha ar bun.
- Iar-rochtain curtha ar fáil le Private Access Point Network le O2 thar an Gréasán Príobháideach Rialtais Fíorúil d'úsáideoirí soghluaiste GPRS.
- Insealbhú rochtain Iar-Dhaingean ag úsáid fob eochracha RSA.
- Tacaíocht do Chorcaigh 2005.

An Roinn Pearsanra

Riarann an Roinn Pearsanra acmhainní daonna Chomhairle Cathrach Chorcaí – a foireann. San áireamh ina príomh fheidhmeanna tá roghnú agus earcú foirne, foráil agus cothabháil struchtúr foirne oiriúnacha, traenáil foirne, leasa, caidreamh tionsclaíocha agus an fhorail de sheirbhísí d'fhostaithe scortha.

An Rannóg Traenála agus Forbartha

Tá a lán den fhoireann atá ag dul i mbun cláir oideachais a thabharfaidh cáilíochtaí gairmiúla agus/nó acadúla dóibh ag baint úsáid as an Scéim Chúnaimh Staidéir. I 2005 mhaoinigh Comhairle Cathrach Chorcaí thar 100 ball den fhoireann tríd an scéim seo a chur ar a gcumas dul i mbun cúrsaí staidéir ábhartha ina n-am féin.

Eagraíonn an Rannóg Traenála & Forbartha sainchúrsaí, cúrsaí ginearálta agus sainordaitheacha go rialta. Tá Ionad Foghlama Foirne do thraenáil atá bunaithe ar ríomhairí ar fáil do gach ball foirne i gComhairle Cathrach Chorcaí. Faoi láthair tá 40 fostaí ag glacadh páirte sa chlár ECDL. I 2005 chríochnaigh thar 20 fostaí an Dioplóma NUI i Staidéar Rialtais Áitiúil. Fuair Samantha Melia, Tithíocht & Pobal, duais in aitheantas de na marcanna náisiúnta is airde a bhaint amach sa Dioplóma NUI/IPA i Staidéar Rialtais Áitiúil i 2005. Tá Suíomh Idirlín r-ionduchtú ar fáil ar inlín na Comhairle Cathrach Chorcaí agus tá sé deartha chun fostaí nua a chomhtháthú isteach san eagraíocht. D'óstaigh an Rannóg Traenála agus Forbartha seimineár ionduchtaithe dhá lá i Márta do níos mó ná 50 ball foirne nua i gComhairle Cathrach Chorcaí.

Soláthraíonn an t-Ionad Traenála Réigiúnach atá Ionnaithe i mBaile an Chollaigh traenáil d'fhoireann oibríochta. Tá sé riartha ag Coiste Bainistíochta atá déanta suas d'ionadaithe ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Contae Chiarraí.

Fanann sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí ag obair a bheith mar ábhar tosaíochta don Rannóg Traenála agus Forbartha trí chúrsaí láimhseála, garchabhair gairme agus Safe Pass a sheachadadh. Fuair ár bhfoireann de theagascóirí intí traenáil athnuachana i 2005 chun iad a ullmhú chun dul i mbun tionscadail mhór chun traenáil athnuachana a thabhairt dá fhoireann Chomhairle go léir i láimhseáil sábháilte fad is a leanann sé ag soláthar traenála láimhseála do gach ball foirne nua.

An Rannóg Earcaíochta

Tá an Rannóg seo, faoi mar a thugann a ainm le tuiscint, freagrach as earcú foirne.

- Earcaítear gráid cléireachais, teicniúla agus gairmiúla faoi Rialacháin Náisiúnta, a leagann síos nósanna imeachta earcaíochta, cáilíochtaí, srl., agus déantar earcaíocht trí mheán agallaimh agus/nó scrúdú iomaíoch atá déanta ag an Rannóg Earcaíochta thar cheann Chomhairle Cathrach Chorcaí
- Earcaítear saoistí, ceardaithe, oibrithe, srl., de ghnáth trí agallamh iomaíoch atá déanta ag an Rannóg Earcaíochta.

Staitisticí Comórtais 2005

Líon na gComórtas a tionóladh	70
Líon na gCeapachán	97

Córais Forbartha Bainistíochta Feidhmithe (CFBF)

Is próiseas struchtúrtha é an CFBF, atá deartha chun comh-thuiscint a bhaint amach laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí faoi conas a oibríonn na fostaithe go léir le chéile trínár obair a phleanáil, ár obair a bhainistiú agus béim a chur ar thraenáil agus fhorbairt, chun caighdeán ár seirbhísí dá gcustaiméirí a fheabhsú go leanúnach. Cinnteoidh sé freisin go bhfuil ról gach fostaí i gcomhréir le cuspóirí foriomlána a Rannóg, Roinn / Stiúrthóireacht agus an Eagraíocht. Tá forfheidhmiú an CFBF aontaithe faoi téarmaí an chomhaontaithe Comhpháirtíochta Sóisialta Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn (2003 go 2005). Beidh an "forfheidhmiú sásúil" de CFBF i gComhairle Cathrach Chorcaí fíoraithe ag an nGrúpa Fíoraithe Feidhmíochta.

Tá na heilimintí seo a leanas ag baint le forfheidhmiú CFBF sa Chomhairle Cathrach:

- Ullmhóidh gach Stiúrthóireacht / Roinn Plean Oibríochta bliantúil, ailínithe leis an bPlean Corparáideach, le gníomhaíochtaí sainithe don tréimhse sin.
- Aithneoidh gach Foireann slite inar féidir leo seachadadh seirbhíse dá gcustaiméirí a fheabhsú agus pleananna agus spriocanna a chomhaontú chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht maidir leis an bPlean Oibríochta trí an

críochnú agus feidhmiú de Phleananna Forbartha Foirne (PFF) aontaithe.

- Beidh Plean Forbartha Pearsanta (PFP) ag gach fostaí i gComhairle Cathrach Chorcaí ag bualadh lena gCeannaire Foirne chun aontú ar na rudaí seo a leanas:
- Conas is féidir leo a fheidhmiú phoist phearsanta a fheabhsú
- Conas is féidir leo cur le feidhmíocht a f(h)oirne/g(h)rúpa
- A riachtanais traenála agus forbartha

Tá foireann shainithe CFBF bunaithe chun an córas a chur i bhfeidhm

Faoi dheireadh 2005, bhí CFBF ar siúl go maith i sé Stiúrthóireachtaí/Roinne na Comhairle Cathrach. D'fhreastail fostaithe os na Ranna Airgeadais, Tráchta Bhóithre, Páirceanna agus Reiligí, Pobail agus Fiontair, na Duganna agus ón Roinn Pearsanra ar seisiúin mheabhraíochta faoi cad a chiallóidh CFBF dóibh féin agus don eagraíocht níos leithne. Críochnaíodh roinnt mhaith Pleananna Forbartha Foirne (PFF) laistigh de na Ranna seo. Tugadh freagracht do Ghrúpa Stiúrtha Bainistíochta CFBF, le ballraíocht atá tarraingthe ó Stiúrthóirí Seirbhísí agus Ceannairí Feidhme, as a chinntiú go bhfuil, agus go leanfaidh CFBF le tionchar straitéiseach a bheith aige ar an eagraíocht. Tuairiscíonn an tAonad CFBF go rialta don Choiste Comhpháirtíochta an Ionaid Oibre faoin tar-rolladh.

An Rannóg Leasa

Déileálann an Rannóg Leasa le gnóthaí lena mbíonn tionchar acu ar leasa foirne le scéimeanna aoisliúntais, Clár Cúnaimh Fostaithe agus Polasaithe Cothromais Oibre/Saoil san áireamh. I Nollaig 2005 thionóil Comhairle Cathrach Chorcaí an chóisir Nollag bhliantúil do phinsinéirí ina raibh bhronntaí ar 28 ball foirne a d'éirigh as obair i rith 2005 san áireamh. Mar chuid de Pholasaithe Cothromais Oibre/Saoil de chuid na Comhairle Cathrach Chorcaí bhain13 ball na Comhairle úsáide as an Scéim Saoire Téarma Scoile i 2005, bhain 15 ball foirne úsáide as Saoire Tuismitheor agus bhain 32 ball foirne úsáide as Scéim Roinnte Oibre na Comhairle Cathrach.

An Rannóg Chaidrimh Tionsclaíocha

Déileálann an Rannóg Chaidrimh Tionsclaíocha le coinníollacha fostaíochta na bhfostaithe i gComhairle Cathrach Chorcaí trí :

- An forfheidhmiú de chomhaontuithe náisiúnta agus áitiúla
- An phróiseáil d'éilimh ceardchumainn, leis an ionadú den Chomhairle Cathrach ag eisteachtaí na Cúirte Oibreachais, na Coimisinéirí Cearta agus éisteachtaí achomhairc reachtúla éagsúla Binsí eile san áireamh.
- Gach plé/idirbheartaíocht a dhéanamh le na ceardchumainn ábhartha ar leibhéal áitiúil maidir le gach gné den fhostaíocht, pá agus coinníollacha seirbhíse na foirne. I 2005 thionól an Rannóg Chaidrimh Tionsclaíocha 50 cruinniú leis na ceardchumainn gaolta laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Pleanáil agus Forbairt

Déanann an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha an fhorbairt a chothú agus a stiúradh chun timpeallacht ar ardchaighdeán a chruthú inar féidir le daoine maireachtáil, obair, infheistiú agus a gcuid ama siamsaíochta a chaitheamh. I measc feidhmeanna na Stiúrthóireachta tá an fhorbairt de pholasaithe pleanála don Chathair, forbairt ordúil a chur chun cinn agus a éascú trí an bpróiseas Smachta Forbartha agus géilliúlacht a chinntiú trí Fhorfheidhmiú Pleanála.

Ullmhaíodh Plean Forbartha na Cathrach, a dhéanann comhordú idir gníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach i réimsí ar nós tithíocht, bóithre agus seirbhísí séarachais agus a stiúrann úsáid na talún i gCathair Chorcaí le haghaidh cuspóirí lonnaíochta, fostaíochta agus eile, mar chuid den Pholasaí Pleanála don tréimhse 2004 go 2009 agus glacadh leis i mí na Nollag 2003.

Feidhmíonn an córas Stiúrtha Forbartha trí iallach a chur ar fhorbróirí ionchasacha cead pleanála a fháil ar son forbairtí nua nó athraithe ar fhoirgnimh atá ann cheana. Tá sé mar cheann de na dualgais reachtúla is mó atá ar an gComhairle Cathrach. Tá an eacnamaíocht bhuacach náisiúnta le haithint i gCathair Chorcaí mar a bhfuil líon mór iarratas pleanála, agus nádúr an-chasta ina lán díobh.

Cinntíonn feidhm Fhorfheidhmithe Pleanála na Stiúrthóireachta go gcloíonn forbróirí le na ceadanna pleanála agus nach dtarlaíonn aon fhorbairt neamhúdaraithe.

Rannóg Polasaí Pleanála

Is é ról na Rannóige Polasaí Pleanála ná forfheidhmiú an pholasaí pleanála d'úsáid na talún don chathair a ullmhú agus a mhaoirsiú. Baineann sé seo leis an ullmhú de Phlean Forbartha na Cathrach agus pleanáil áitiúil, a áiríonn ullmhúchán na bPleananna Forbartha Áitiúla, Pleananna Gníomhaíochta agus Mionteagaisc Forbartha Suímh.

Plean Forbartha Chathair Chorcaí

Seoladh an Plean Forbartha Chathair Chorcaí i 2004, agus beidh sé i bhfeidhm go dtí deireadh 2009. Leagann an Plean amach polasaithe na Comhairle Cathrach Chorcaí don fhorbairt de Chathair Chorcaí agus iarrann sé polasaí a dhíriú i dtreo an fheabhsaithe den chathair faoi roinn cheannteidil, lena n-áirítear sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus an comhshaoil. Tá an plean leagtha síos laistigh de chreatlach straitéiseach an Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí 2001-2020 (PSCC).

Rinneadh tuarascáil ar dhul chun cinn 2 bliain i Nollaig 2005 a thaispeáin dul chun suntasach i bhforfheidhmiú roinnt mhaith de chuspóirí an Phlean Cathrach. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le athghiniúint lár na cathrach, ceann de na príomh cuspóirí den Phlean. Tá infheistíocht trom déanta ag an gComhairle Cathrach in uasghrádú na ríochta poiblí ar shráideanna lár na cathrach agus tá dul chun cinn suntasach déanta i seachadadh oifigí nua, siopaí miondíola, forbairt áineasa agus conláiste ag an earnáil phríobháideach.

Pleanáil Áitiúil

I rith 2005 lean an fhoireann Pleanála Polasaí leis an bpróiseas ullmhúcháin de shraith pleananna ceantair áitiúla, pleananna gníomhaíochta agus mionteagaisc forbartha. Tugann na pleananna seo spreagadh agus cothú onnghníomhach d'athfhorbairt agus athnuachan na cathrach.

- Plean Ceantair Áitiúil dos na Duganna Thuaidh
- Plean Gníomhaíochta do Shráid Mhargadh an Arbhair
- Tá dréacht Phlean Gníomhaíochta ullmhaithe freisin do Ché na Carraige Duibhe agus don Sráidbhaile

Gníomhaíochtaí Caomhnaithe

Tá ról tábhachtach ag an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha i gcosaint agus i gcaomhnú an chomhshaoil stairiúil.

Taifead Struchtúr Cosanta (TSC)

Tá foirgnimh liostaithe ainmnithe anois mar Struchtúir Cosanta sa Taifead Struchtúr Cosanta.

Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta (CCA)

Is féidir le ceantair stairiúla Chorcaí a bheith cosanta anois trí mheán stádas Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta.

Seandálaíocht

Leanann torthaí suntasacha ag teacht as fiosruithe seandálaíochta, atá ag cur lenár eolas faoi conas mar a d'fhorbair an chathair.

Oidhreacht

De réir an Phlean Oidhreachta Náisiúnta tá sé de dhualgas ar gach Údarás Áitiúil Plean Oidhreachta a ullmhú dá gceantar. Ceapadh

Oifigeach Oidhreachta le déanaí chun an tasc seo a chomhlíonadh agus chun luach na hoidhreachta éagsúla de na cathracha a chur chun cinn. I mí Meán Fómhair 2005 bhí lá oscailte Oidhreachta ar siúl.

Athnuachan Uirbeach agus Cónaí os Cionn an tSiopa

Riarann an rannóg Pholasaí Pleanála an Plean Ceantair Chomhtháite Athnuachana Uirbeach (IAP) na Scéimeanna Athnuachana Uirbeacha sa Linn Dubh agus i nDuganna na Cathrach agus an Scéim Cónaí os Cionn an tSiopa (LOTS) i Lár na Cathrach.

Plean Ceantair Chomhtháite na Linne Duibh / An tSeandúin

Is é príomh chuspóir an Phlean Ceantair Chómhaithe na Linne Duibhe / an tSeandúin ná an ceantar a athnuachan trí shraith tionscadail comhghaolmhara; poiblí agus príobháideach araon.

Cónaí os Cionn an tSiopa (LOTS)

Is í aidhm na scéime seo ná athchóiriú na bhfoirgnimh a chur chun cinn agus líon na n-aonad cónaithe laistigh de Lár na Cathrach a mhéadú. Tá an bhéim ar athchóiriú seachas scrios.

Smacht Forbartha

Tá an fás leanúnach in eacnamaíocht Chorcaí, a bhfuil an-fháilte againn roimhe, le feiceáil sna forbairtí tábhachtacha seo a leanas, a phróiseáil an Rannóg Stiúrtha Forbartha, a tosaíodh nó a cuireadh i gcrích i 2005:

(a) Scéimeanna Cónaitheacha

- 800 árasán i suímh éagsúla sa chathair le Cé Sheoirse, Cé Lavitt, Cé Knapp, Cé Uí Chearúllaigh, Cé Lancaster, Sráid Liatroma agus Sráid Copley san áireamh.
- 550 teach (athchóiriú an Chlochair san áireamh) ag Clochar na nUrsalach, An Charraig Dhubh.
- 300 árasán ag Ospidéal na Maighdine.
- 120 teach ag an áit ina raibh Galfchúrsa Thobar an Airgid, Tivoli, tráth.
- Athchóiriú Fhoirgneamh an Mhuilinn, Cé an Athar Maitiú, mar árasáin.
- Bóthar Chúrsa an Uisce - 120 teach.
- 500 teach/árasán, Rivers Edge, Machan.

(b) Árasáin do Mhic Léinn

- 1200 spásanna leapa nua do mhic léinn ag Crosaire Victoria, Bóthar an Chorraichín, The Tennis Village, Bóthar na Modh-Fheirme agus Bóthar an Ghleann Maghair Íochtarach.

(c) Scéimeanna Tráchtála

- Suíomh Guys, Sráid Mhargaigh an Arbhair – Mór ionad miondíola / scéim árasáin
- Suíomh an Phoist, Sráid Eglinton – Úsáid tráchtála / cónaitheach measctha le foirgneamh 18 urlár san áireamh.
- Ionad siopadóireachta réigiúnach agus trádstórais miondíola i Machan.
- Trádstórais miondíola, pictiúrlann, oifigí agus árasáin ag Polefield, An Linn Dubh.
- Oifigí / miondíoladh don O'Callaghan Group ag Cé Lavitt.
- Óstán / oifigí ag Cé Lapp le Howard Holdings.
- Oifigí le O'Flynn Construction ag Cé Lapp.
- Oibreacha Gréasáin Nua Réigiúnacha ag Cé Albert.
- Óstán nua Jury's ag Cé Lancaster (180 leaba) agus 230 árasán.

(d) Forbairtí Institiúideacha

- Forbairt nua Oifigí Cathartha ag Halla na Cathrach.
- Halla Contae nua.
- Forbairtí suntasacha i COC, lena n-áirítear

(a) Dánlann Ealaíne Glucksman;

(b) An Scoil Chógaisíochta;

(c) Leabharlann nua;

(d) Cearnóg Honan nua agus

(e) Scoileanna Leighis, Cógaisíochta agus Altranais ag Teach Ghort an tSrutháin, Bóthar an Choláiste.

- Campas Nua CGO N. Eoin san Ardán Theas.
- An Scoil Cheoil, Cé na hAontachta.
- Mórleathnú na saoráidí acadúla agus siamsaíochta ag IT Chorcaí, Baile an Easpaig.

- Busáras nua ag Plás Pharnell.
- Foirgnimh nua thábhachtacha in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, Wilton, Ospidéal nua Máithreachais agus foirgneamh Scagdhealú Duánach san áireamh.

(e)I measc forbairtí suntasacha eile a ceadaíodh i 2005 tá:

- Forbairt tráchtála ag Cé Phádraig - Kenny.
- Scéim 150 árasán ag Sráid an Uisce (leis an mBord Pleanála)
- Scéim Teicneolaíochta Ghnó ag Bóthar na Lárpháirce agus
- Foirgneamh oifige nua ag Faiche na Croise.
- Athfhorbairt ar Óstán Metropole – Óstán 120 leaba & 70 árasán
- Óstán 120 leaba ar Shráid Bhéaslaoi / Plás Parnell
- Clinic 'Breastcheck' ag an South Infirmary

(f) I measc na suímh ina ndíreofar ar iarratais cheada do fhorbairtí suntasacha i 2006 tá na rudaí seo a leanas:

- Athfhorbairt leanúnach ar thailte thuaisceart Polefield, An Linn Dubh.
- 2 suíomh miondíola comparáide i Sr. Sráid Phádraig do 25,000 m_ de mhiondíol comparáide ag Dunnes Stores agus suíomh Uí Cheallacháin.
- Tithíocht ar thailte Nemo Rangers, Bóthar Dúghlaise
- Athfhorbairt Cheantar Chuan na Carraige Duibhe.
- Institiúid Taighde Tyndall ag Paráid na Díge
- Suímh deise éagsúla i gCeantar na nDugaí i gCorcaigh, Stáisiún Cheannt, Cé Uí Argáin agus na Dugaí Theas san áireamh.

Leanann an Rannóg Smachta Forbartha ag cur seirbhís chuimsitheach ar fáil don phobal trí éascaíochta a dhéanamh don phobal / d'fhorbróirí i gcoitinne le cainteanna réamh-phleanála. Cabhraíonn sé seo chun dea-chaidreamh oibre a chruthú lenár bpríomh gheallsealbhóirí chomh maith le ag iarraidh a chinntiú go n-aithnítear na príomh saincheisteanna pleanála i moltaí forbartha suntasacha agus go ndéileáiltear leo go luath sa phróiseas pleanála.

Rannóg Forfheimithe Pleanála

Iarrann Comhairle Cathrach Chorcaí, i gcomhréir le na riachtanais reachtúla atá leagtha amach sna hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 – 2002, géilliúlacht a dhaingniú leis na rialaithe pleanála agus forbairtí neamhúdaraithe a chosc. Cé go ndéantar gach iarracht géilliúlacht leis an gcód pleanála a chinntiú trí chomhaontú, déantar gníomhaíochtaí forfheidhmithe nuair is gá.

Príomhtháscairí Feidhmíochta Reachtúla 2005

An líon iomlán cásanna	266
a ndearnadh gearáin (scríofa)	
fúthu a fhiosraítear	
Líon iomlán na gcásanna dífe	11
Líon na nósanna imeachta	243
Forfheidhmithe a rinneadh	
trí Litreacha Rabhaidh	
Líon na nósanna imeachta	18
Forfheidhmithe a rinneadh trí	
Fógraí Forfheidhmithe	
Líon iomlán na n-Urghairí a	0
iarradh (0) agus	
líon na n-ionchúiseamh (0)	0

Bhí na táscairí forfheidhmithe tábhachtacha eile i 2005 mar seo a leanas:

Líon na gcásanna dúnta / réitithe	267
Líon na Litreacha Rabhaidh a eisíodh	507
Líon na bhfógraí Rannóg 8 a eisíodh	485

Ranníocaíochtaí Forbartha - Airgeadais

I gcomhréir le forálacha Ailt 48/49 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, ina dhiaidh tréimhse comhairlithe agus fógraíochta phoiblí do Chomhlachtaí Ordaithe, ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí le Scéim Ranníocaíochtaí Ginearálta Forbartha agus Scéim Ranníocach Forbartha Forlíontach ar an 12 Eanáir 2004. Leagann an dá scéim amach scála na ranníocaíochtaí forbartha a bhí i bhfeidhm ar na rialaithe pleanála ábhartha go léir atá socraithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí ó 13 Eanáir 2004.

Baineann an Scéim Ghinearálta le soláthar na n-aicmí de sheirbhísí/áiseanna ar bhonn ar fud na cathrach, déanann an Scéim Fhorlíontach foráil d'athruithe atá le bheith gearrtha maidir le tionscadal Iarnróid Fhobhailteach Chorcaí, ar

fhorbairtí laistigh de cheantair shainithe i gCathair Chorcaí.

Forfheidhmiú na Straitéise Tithíochta (Cuid V – Acht Pleanála agus Forbartha 2000 -2002) :

De bhun an Achta Pleanála agus Forbartha 2000 mar a leasaíodh ag an Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2002, ní foláir d'iarrthóir ar chead pleanála d'áitribh a fhorbairt (4 aonad nó níos mó ar thalamh níos mó ná 0.1 heicteár), ar thalamh atá faoi réir riachtanais chriosaithe chun talamh a fhorchoimeád do thithíocht shóisialta agus inacmhainne, sonraí a thabhairt faoin gcaoi a bhfuiltear chun cloí le coinníoll pleanála ag cur na cuspóirí tithíochta sóisialta/inacmhainne den Straitéis Tithíochta i bhfeidhm, a ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí ar an 8 Deireadh Fómhair 2001.

Suímh Thréigthe

Faoi réir chuspóirí Phlean Corparáideach Chomhairle Cathrach Chorcaí, tá an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha ag spreagadh na forbartha de shuímh thréigthe go réamhghníomhach trí úsáid a bhaint as na hAchtanna um Láithreáin Thréigthe agus as an bpróiseas Pleanála agus Forbartha.

Ceadúnais d'Imeachtaí Faoin Aer

I rith ainmniú Cathair Chorcaí mar Phríomhchathair Cultúrtha na hEorpa i 2005, próiseáladh na hiarratais seo a leanas ar cheadúnais imeachtaí Faoin Aer:

- Rás Báid ón Fharraige go dtí an Cathair – Abhann na Laoi Dé Sathairn 4/6/2005.
- Andrea Bocelli – Baraic Uí Choileáin Dé hAoine15/07/2005.
- Ceolchoirm Ceiliúradh Rory Gallagher– Lár na Cathrach Dé Domhnaigh 31/07/2005 (curtha ar ceal).
- Searmanas Soilse Féile na Nollag – Lár na Cathrach 27ú. Samhain 2005

Rialú Aonach Spraoi (Trealamh Chlóis Aonaigh):

Ó 1 Márta 2004 caithfidh aon duine a theastaíonn uaidh/uaithi aonach spraoi a eagrú fógra a thabhairt i scríbhinn, dírithe chuig an t-oifigeach sainithe laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Coiste Polasaí Straitéiseach

Tionóladh chúig chruinniú Pleanála agus Forbartha CPS i 2005. I measc na mír a bhí breathnaithe ag an CPS bhí :

- Tuarascáil dhul chun cinn ar an bPlean Forbartha Chathair Chorcaí
- Éagsúlacht don Phlean Forbartha Chathair Chorcaí
- Athbhreithniú ar straitéis an Bhoird Fhorbartha Chathair Chorcaí
- Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta Ceantair éagsúla
- Monatóir Eacnamaíoch Chorcaí
- Tuarascáil Bhliantúil na Scéime Athnuachana Uirbeach
- Mionteagasc Stáisiúin Iarnróid na Linne Duibhe

Áineas, Conláiste agus Cultúr

Briogáid Dóiteáin Chathair Chorcaí

Osclaíodh forbairt na hÁis Traenála Briogáid Dóiteáin den scoth agus Ceanncheathrúna na Cosanta Sibhialta in aice le Fo-Stáisiúin Dóiteáin Baile Uí Mhaoláin i Meitheamh 2005.

Tugadh Briogáid Dóiteáin Cathair Chorcaí isteach i gCóras Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan ar 31ú Bealtaine 2005. Cuirtear gach glaoch éigeandála 112/999 do Bhriogáid Dóiteáin Chathair Chorcaí díreach go dtí Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan a ghlaonn amach ansin ar na foirne Dóiteáin cuí go dtí an láthair éigeandála. I gceantar Chorcaí tugann sé seo modh níos éifeachtaí ar fáil chun slógadh go háirithe i mbruachbhailte na Cathrach agus ceantair in aice an Chontae. Is cuid é seo de chlár forbartha leanúnach chun clár freagrachta éigeandála níos fearr a chur ar fáil.

Leabharlanna Chathair Chorcaí

Thosaigh ré nua do Leabharlainne Chorcaí nuair a ghlac an Chomhairle le plean 5 bliain ar a dtugtar Books, Bytes & Buildings ag tosach na bliana.

Ba bhuaic phointí iad de chlár na Leabharlainne Corcaigh 2005 ná Lá Leabhar Domhanda, trí thaispeántas sa Leabharlann Ceoil, raon ceardlainne leanaí, líon mór seoladh leabhair, agus 'From the sidelines', comhdháil scríbhneoireachta spóirt.

Foirgnimh Leabharlainne Nua

Críochnaíodh an leabharlann €3m nua Bhóthair na mBuaircíní i mBaile Feitheán agus osclaíodh don phobail í i Meán Fómhair 2005. Chomh maith leis sin thosaigh tógáil na leabharlainne 1100 meádar cearnach ag freastal ar Bhaile an Easpaig agus bruachbhailte an iarthair i Meitheamh 2005. Tá an leabharlann a chosnóidh €4.8m le bheith críochnaithe i 2006.

Is é an tionscadal is spreagúla faoi láthair ná an moladh chun Leabharlann Lárnach nua a thógáil i gCorcaigh. Tá grúpa oibre inmheánach in áit chun mionteagasc a ullmhú don Leabharlann Lárnach don fhoirgneamh nua, ag tógáil aird de dhea-chleachtas agus na nuálaíochtaí is déanaí i ndearadh agus leagadh amach leabharlainne. Chun dearadh na leabharlainne a chur ar aghaidh, agus chun léirthuiscint an phobail a fheabhsú faoin ngá d'ailtireacht leabharlainne den chaighdeán is airde, d'eagraigh an Chomhairle an comórtas tuairimí ailtireachta 'Ideal City Library'. Fuarthas timpeall 230 moladh ó gach áit ar domhan do leabharlann don 21ú aois do chathair de mhéid dá leithéid de Chorcaigh.

Iarsmalann Phoiblí Chorcaí

Ba bhliain iontach í 2005 d'Iarsmalann Phoiblí Chorcaí. Chomh maith le hoscailt an tsínigh taibhseach, thionól an Iarsmalann roinnt suntasach taispeántais suntasacha agus imeachtaí eile ar nós:-

- An Taispeántas Mór 1902/03
- Jason Ellis
- Draíocht Masca & Puipéad
- Grianghraif Azhem Koleci
- Dúiseacht Inspioráide
- Ceol Comhaimseartha
- Winegeese
- Barrel Top Wagon
- Ór Chorcaí

Áiseanna Áineasa

